


michael  
morpurgo

**TORO! TORO!**




Léaráidí le Michael Foreman

**TORO! TORO!**



# TORO! TORO!



michael morpurgo

Léaráidí le

**MICHAEL FOREMAN**

HarperCollins Publishers Ltd a chéadfhoilsigh i mBéarla faoin teideal:  
*Toro! Toro!*

Téacs © Michael Morpurgo 2001  
Léaráidí © Michael Foreman 2001

Dearbhaíonn an t-údar agus an maisitheoir a gceart morálta a bheith  
aitheanta mar údar agus maisitheoir na hoibre seo.

Aistríodh an leabhar seo faoi cheadúnas ó HarperCollins Publishers Ltd.  
An leagan Gaeilge © CCEA 2018

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den leabhar seo a  
atáirgeadh, a tharchur ná a choinneáil i gcóras aisghabhála faisnéise  
ar aon mhodh ná slí, bíodh sin grafach, leictreonach nó meicniúil, ar  
a n-áirítear fótachóipeáil, téipeadh agus taifeadadh, gan cead a fháil i  
scríbhinn roimh ré ón fhoilsitheoir.

Pádraig de Bléine, ar Léachtóir Sinsearach é  
le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire  
i mBéal Feirste, a d'aistrigh an t-úrsceál seo

# TORO! TORO!

Agus mé ag síúl sna cnoic in Andalucia i ndeisceart na Spáinne an fómhar seo caite, tháinig mé de thaisme ar fheirm a mbíonn an feirmeoir ag tógáil tairbh dhubha inti don *corrida*, fáinne na dtarbh. An lá ceannann céanna bhí mé i mo sheasamh ar thaobh sléibhe a bhí clúdaithe le coillte ag amharc síos ar shráidbhaile scriosta darb ainm Saucedá.

Scrios buamaí an sráidbhaile seo faoin tuath ag tús an Chogaidh Chathartha sa Spáinn – an chéad uair san Eoraip a rinneadh buamáil ón aer d’aon ghnó ar an ghnáthphobal. Ar an drochuair, ó shin i leith, is minic a tharla a leithéid in Guernica, i Vársá, i Londain, in Dresden, in Hiroshima agus sna mílte cathair, baile agus sráidbhaile eile ar fud an domhain.

Nuair a chonaic mé an tréad tarbh iontach sin den chéad uair, agus an sráidbhaile Saucedá a bhí scriosta, spreag siad mé le *Toro! Toro!* a scríobh. B’éigean dom taighde a dhéanamh ar tharbhchomhrac agus ar an Chogadh Chathartha sa Spáinn ar dtús. Bhí an cogadh uafásach sin, a tharla sna tríochaidí, bhí sé ina streachailt idir na Poblachtaigh ar thaobh amháin agus na Náisiúnaithe ar an taobh eile le teacht i gceannas ar an Spáinn. I ndiaidh cuid mhór blianta de throdaíocht fhíochmhar, bhí an lámh in uachtar ag na Náisiúnaithe faoina gceannaire An Ginearál Franco. Ní dhearnadh tír dhaonlathach den Spáinn go dtí an bhliain 1975, an bhliain a fuair an Ginearál Franco bás.

Seo duit *Toro! Toro!*, scéal faoi pháistí a mhair tríd an chogadh sin, scéal faoin Spáinn, faoi thairbh agus faoi tharbhchomhrac, agus faoi sheanathair (mo dhála féin) agus faoina gharmhac.

Tá síúl agam go mbainfidh tú sult as.

MICHAEL MORPURGO

*Deireadh Fómhair 2001*

*D'Eloise,  
a leabhar.*

**PACO**









**I**s seanathair mé atá bródúil as an gharmhac iontach atá agam – agus tá mé bródúil as ó rugadh é ocht mbliana ó shin. Tá an bheirt againn iontach mór le chéile. Ar dhóigh éigin tá aithne mhaith againn ar a chéile, mar a bheadh cúpla ann, in ainneoin go bhfuil seasca bliain eadrainn. Tá an t-ainm céanna orainn beirt, fiú. Ar na saolta seo tugann siad Abuelo (Seanathair) orm, ach nuair a bhí mise óg thug mo thuismitheoirí Antonio orm. Ní hé an t-ainm an t-aon chosúlacht amháin atá ann idir é agus mé.

Go dtí inné, pléisiúr mór a bhí ann dom a bheith i mo sheanathair – pléisiúir an athar gan na cúraimí a bhain leis. Tráthnóna inné, thuas

staighre ina sheomra leapa dó, chuir Antonio ceist orm, ceist a raibh freagra ceart díreach agus ionraic de dhíth uirthi.

Rud soineanta go leor a bhí ann a chuir tús leis. Tharla sé i rith an *siesta*. Bhí Antonio dubh dóite. Ní raibh sé ach ag amaidí thart, mar a bhíonn páiste ar bith. Ní dhearna sé ach cic a thabhairt do liathróid a chuaigh trí fhuinneog de thaisme. Nuair a rith a mháthair amach as an teach agus isteach sa ghairdín, bhí Antonio ina sheasamh ansin agus a gheansaí Barcelona air, agus cuma chomh ciontach air agus a chonaic tú riamh. Níor imigh sé – ní hé sin an cineál duine a bhí ann. Ní raibh duine ar bith eile thart seachas mé féin agus an cat, agus bhí muidne ag glacadh néal codlata i ndiaidh an lóin faoi chrann míomóis ag bun an ghairdín, píosa maith ar shiúl ón áit ar tharla an eachtra. Mar sin de, is cinnte gurbh é Antonio an duine a bhí ciontach. Bhí sé i dtrioblóid mhór, agus ní thiocfadh liomsa rud ar bith a dhéanamh le

cuidiú leis.

“A Antonio! Cá mhéad uair a dúirt mé leat?” Bhí a fhios agam ón chuma a bhí ar a smig go raibh na deora ag dul a theacht. Bhí a fhios agam cad é a bhí sé ag dul a rá, fiú sular oscail sé a bhéal. “Ní ormsa atá an locht, ní mise a rinne é. I ndáiríre.” Agus dúirt sé chomh dáiríre agus chomh cinnte sin é. Nuair a d’iarr a mháthair air míniú eile a thabhairt ar an scéal, chroith sé a ghuaillí go dímhúinte, choinnigh a bhéal druidte agus dhiúltaigh aon rud a rá.

Bhí fearg an domhain ar a mháthair nuair a chroith sé na guaillí. Ní raibh ann ach “duine suarach mí-ionraic nár smaoinigh ar dhaoine eile agus ar chóir náire a bheith air.” Chuir a mháthair chuig a sheomra leapa é. Ar feadh tamaill ina dhiaidh sin, thioctadh liom é a chluinstin ag caoineadh agus ag smeacharnach agus buaireamh an tsaoil agus náire an domhain air. B’fhada liom dul suas chuige le sólas a thabhairt dó. B’éigean dom fanacht leis an am cheart go

dtí go raibh mé cinnte de go raibh a mháthair imithe (caithfidh seanathair a bheith cúramach maidir leis na rudaí seo), sula ndeachaigh mé isteach sa teach agus suas staighre. Bhuail mé cnag ar an doras agus d'osail mé é.



Bhí Antonio ina shuí ar a leaba, agus an chuma ar a smig go fóill go raibh sé ag caoineadh, go dtí go bhfaca sé gur mise a bhí ann. “Dia duit, a stócaigh,” a dúirt mé agus chuaigh mé anonn gur shuigh mé in aice leis.

Níor labhair ceachtar againn. Ní raibh a fhios againn cad é ba cheart dúinn a rá. Is minic a shuigh muid go ciúin i gcuideachta a chéile. Bhí muid ciúin ar feadh tamall fada. Ansin bhris an cheist an ciúnas. “A Abuelo, an ndearna tusa rudaí dalba nuair a bhí tú óg? Is é an rud atá mé a rá, an ndearna tú rudaí iontach dalba. Ar inis tú bréag riamh?”

“D’inis, neart acu,” arsa mise. B’fhíor dom, ar ndóigh, ach ba chóir dom é a fhágáil mar sin. Ina áit sin, áfach, agus mé ag iarraidh cuidiú leis agus é a chur ar a shuaimhneas, lean mé orm: “tá mé ag insint duit, a Antonio, is measa mise ná tusa maidir le rudaí dalba. Agus maidir le bréaga a insint, is measa mise ná tusa fosta.”

D’amharc sé suas orm lena dhá shúil mhóra. “I ndáiríre?” ar seisean.

“I ndáiríre,” a d’fhreagair mé. “An inseoinn bréag duitse, a Antonio?”

Rinne sé aoibh an gháire nuair a dúirt mé sin agus ghlan sé na deora dá aghaidh. Mhothaigh

mé go raibh an rud ceart ráite agam.

“An bhfuil tú ag dul a theacht anuas anois, agus na píosaí den ghloine bhriste ón fhuinneog a thógáil?” a d’fhiafraigh mé de. “Agus ansin thig leat do leithscéal a ghabháil le do mháthair nuair a thiocfaidh sí ar ais, nach dtig?”

Ach ba léir dom nach raibh sé ag éisteacht liom fiú agus mé ag caint.

“A Abuelo,” ar seisean, “nuair a bhí tusa óg, cad é an rud is measa amuigh a rinne tú?”

Níor shíl mé go leanfadh sé ar aghaidh leis an scéal. Bhí mé féin i bponc anois. Bhí a oiread sin rudaí dalba déanta agam. Ach d’iarr sé orm an rud is measa amuigh a rinne mé a insint dó, agus bhí a fhios agam láithreach cad é a bhí ann. Níor inis mé an scéal do dhuine ar bith eile le beagnach seachtó bliain anuas – ní an fíorscéal, ní an scéal ina iomláine. Mhóthaigh mé go raibh an t-am ceart anois ann an scéal a insint; agus mhóthaigh mé fosta dá mba rud é

go raibh mé ag dul a insint an scéil do dhuine ar bith gur cheart dom é a insint do mo gharmhac. Mhóthaigh mé ar dhóigh éigin go raibh sé de cheart aige an scéal ina iomláine a chluinstin uaim. Bhí a fhios agam fosta go raibh sé ag dúil le go n-inseoinn an fhírinne dó. Mar sin de d’inis mé an fhírinne dó, an fhírinne lom.

“Má insím rud éigin duit, a Antonio,” arsa mise, “caithfidh sé a bheith ina rún eadrainn. Ní thig leat é a insint do dhuine ar bith eile, ní go dtí go mbeidh tú féin i d’athair, agus ansin beidh cead agat é a insint do do chuid páistí féin. Sin mar ba cheart dó a bheith. I ndeireadh na dála, tá mé ag caint ar an stair a bhaineann lenár gclann – le do chlann féin agus lena gclann fosta. Ná habair aon fhocal go dtí sin, an ngeallfaidh tú dom?”

“Geallaim,” ar seisean, agus bhí a fhios agam go raibh sé ag insint na fírinne. Thiocfadh liom a fheiceáil ina shúile go raibh sé ag súil go mór leis an scéal a chluinstin. Mar sin de



thosaigh mé a insint an scéil dó.

“Ní i gcónaí a bhí cónaí orm ar an bhaile seo, in Malaga atá mé a rá. Ach tá a fhios agat sin cheana féin, nach bhfuil a fhios? D’inis mé duit roimhe gur rugadh ar fheirm mé, gur fhás mé aníos faoin tuath leis na hainmhithe uilig thart orm, nár inis?”

D’inis mé neart scéalta dó thar na blianta faoi shaol m’óige agus mé i mo chónaí faoin tuath in Andalucia – bhí suim mhór aige i scéalta faoi na hainmhithe. Ach gheall mé dó go raibh scéal iontach agam dó an t-am seo, agus thiocthadh liom a fheiceáil go raibh sé ag súil go mór leis.

“Ní ceann eile de mo chuid scéalta faoi na hainmhithe atá anseo, a Antonio – bhuel, is ea, ar dhóigh éigin, is dócha. Ach is é seo an scéal is tábhachtaí a thig liom a insint duit, cionn is gur athraigh an scéal seo mo shaol go deo. Tosóidh mé ag an tús, an dtosóidh?”

\* \* \* \* \*




Is i dteach beag feirme go díreach taobh amuigh den tsráidbhaile darb ainm Saucedá a rugadh mé ar an chéad lá de mhí na Bealtaine, 1930. Bhí mo dheirfiúr Maria ann – atá go díreach deich mbliana níos sine ná mé - agus Máthair agus Athair. Ní raibh sa teach ach an ceathrar againn. Bhí uncailí agus aintíní agus col ceathracha ina gcónaí in aice linn, ar ndóigh. Bhí muintir an tsráidbhaile mar a bheadh teaghlach mór amháin ann. Ach thig linn an chuid sin den scéal a fhágáil ar lár. Tharla breith eile thart faoi chúig bliana i ndiaidh mo bhreithe féin agus ba é sin tús an scéil.

Níor le m'athair an fheirm. Is beag duine

ar leis fein an talamh a shaothraigh sé sna laethanta sin – ní raibh ann ach gur shaothraigh muid an talamh. Saol cruu a bhí ann, ach is beag a bhí ar eolas agam faoi sin. Áit dhraíochtach a bhí ann domsa agus mé ag fás aníos. Bhí coillte corcdharach ag fás gach áit thart orainn – ba ghnách linn an corc a bhaint de na crainn gach naoi mbliana, le coirc a dhéanamh do na buidéal fíona. Bhí ár gcuid muca beaga dubha againn ag siúl thart gach áit, agus neart gabhar a bhfuair muid ár gcuid bainne agus cáise uathu, agus cearca fosta. Bhí i gcónaí neart uibheacha againn le huibheagán a dhéanamh. Bhí asail agus capaill againn fosta leis an chorc a iompar anuas ó na cnoic. Bhí capaill nó asail ag gach aon duine sna laethanta sin. Bhí mé ábalta dul a mharcaíocht a luaithe a thioctadh liom siúl.

Ba iad na ba a choinnigh muidne den chuid is mó. Ní hiad na cinn ghalánta dhonnrua sin iad a dtugtar Rosito orthu a fheiceann tú go minic faoin tuath. Bhí na cinn s’againne iontach

dubh dea-chumtha agus cróga. Níor thóg m'athair ach tairbh dhubha, tairbh don *corrida*, d'fháinne na dtarbh. Caithfidh sé go raibh caoga nó seasca acu againn, is dócha, na laonna san áireamh. Bhí siad go hiontach ar fad, na cinn is fearr in Andalucia, a dúirt m'athair. Nuair a bhí mé i mo ghasúr óg chaith mé na huaireanta fada i mo shuí ar an sconsa go díreach ag amharc orthu agus mé faoi dhraíocht ag a súile fiáine, ag a n-adharca fíochmhara agus ag an fhionnadh lonrach a bhí orthu. Thaitin sé go mór liom nuair a thóg siad a gcloigeann gur thosaigh siad a sheitreach, agus iad ag crúbáil an talaimh, ag tógáil scamall deannaigh agus salachair. Ba iadsan na hainmhithe is uaisle agus is iontaí ar domhan, dar liom.



Ag an aois sin, áfach, ní raibh barúil ar bith agam cén fáth a raibh siad ann ná cén fáth ar choinnigh muid iad. Ní raibh ann ach go mbíodh siad amuigh ansin ag innilt le chéile sa pháirc, radharc a raibh mé cleachta leis agus mé ag fás aníos. Ní raibh mé ach cúig bliana d'aois san am agus níor cheistigh mé rud ar bith. Amuigh i measc na gcrann corcdharach chonaic mé na fianna rua agus na toirc allta ag rith sa scrobarnach. Chonaic mé na héin mhóra ag eitilt go hard sa spéir. Níor thóg mé ceist ar bith faoi cén fáth a raibh siadsan ann ach oiread. Bíonn an saol simplí go leor nuair a bhíonn tú cúig bliana d'aois. Tháinig Paco ansin, tháinig an cogadh agus na heitleáin agus ní raibh an saol chomh simplí céanna ina dhiaidh sin.

Tharla go raibh stoirm mhór agus toirneach ann an oíche a rugadh Paco. Is cuimhin liom gur chuir Athair ceist orm an raibh eagla orm agus gur dhúirt mé nach raibh, rud nach raibh

fíor. Dúirt Maria, áfach, go raibh eagla orm. Ba ghnách liom féin agus le Maria a bheith ag troid ó am go ham; ach shíl mise a mhór di agus shíl sise a mhór díomsa. Chuaigh mé amach sa stoirm an oíche sin le hAthair lena thaispeánt do Maria nach raibh eagla orm. Lean mé Athair trasna an chlóis chuig an scioból. Bhí laindéar ina lámh aige agus é á luascadh ó thaobh go taobh. Bhí mé ag guí Dhia na Glóire nach mbuailfeadh an tintreach an laindéar agus nach maródh sin muid.

Bhí an bhó ina luí nuair a bhain muid an scioból amach. Bhí muid ábalta dhá chos bheaga a fheiceáil ag gobadh amach faoina heireaball cheana féin. D’amharc mé ar Athair agus é ag cromadh síos taobh thiar den bhó. Fuair sé greim ar chosa an lao, chrom sé siar agus tharraing orthu. Bhí gnúsacht agus cnead le cluinstitín ó Athair agus ón bhó. Tharla sé go hiontach gasta agus ní raibh mórán fola ann. Shleamhnaigh an lao amach go measartha

furasta agus isteach ar an tsaol seo leis. Bhí an lao ina luí ansin agus a chóta dubh ag lonrú faoin tsolas agus an ghal ag éirí aníos uaidh agus é ag croitheadh na seicne de féin.

“Is tarbh é,” a d’inis Athair dom. “Tarbh beag breá atá againn anseo.” Chuaigh sé síos ar a ghlúine, thóg cloigeann an tairbh agus chuir píosa féir isteach ina pholláirí. “Cuideoidh sé sin leis análú,” ar seisean.

Bhí an bhó ag iarraidh éirí ina seasamh. Sheas Athair siar uaithi agus thug sé leis mé. Bhí sí ag géimneach orainn agus bhí sí ag stánadh orainn go feargach fíochmhar. Ba léir dúinn nár mhaith léi go mbeadh muid in aice lena lao. In ainneoin a cuid iarrachtaí, áfach, ní raibh an bhó ábalta éirí ina seasamh. Bhí an chuma uirthi nach raibh sí láidir go leor. Rinne sí iarracht i ndiaidh iarrachta éirí ina seasamh agus bhí an chuma uirthi cúpla uair gur éirigh léi, ach d’imeodh na cosa fúithi agus thit sí arís. Sa deireadh ní dhearna sí iarracht ar bith eile.

D'fhan sí ina suí agus í ag anáilú go trom agus an chuma uirthi go raibh eagla an domhain uirthi. Rinne Athair iarracht mhór cuidiú léi seasamh. Ní dhearna sise ach na hadharca a luascadh ó thaobh go taobh go feargach. Scairt sé uirthi, bhéic sé uirthi, bhuail sé lena lámh í ar a taobh, chas sé a heireaball – rud ar bith a chuirfeadh eagla uirthi agus a spreagfadh í le héirí ina seasamh, ach níor éirigh leis í a bhogadh.

“Caithfidh an lao bainne a ól, agus caithfidh sé é a ól gan mhoill,” ar seisean liom, “mura n-ólann ní mhairfidh sé. Agus ní thig leis rud ar bith a ól go dtí go seasfaidh an bhó.”

Thosaigh mise a scairteadh agus a bhéicíl uirthi anois agus a léim suas agus anuas le í a chur ina seasamh. Ní raibh sí ábalta seasamh go fóill, áfach. Bhí sí ina luí ar a taobh anois, agus í tuirseach traochta ag a cuid iarrachtaí.

“Níl ach aon réiteach amháin ar an scéal seo,” arsa Athair. Chuaigh sé síos ar a ghlúine in aice léi agus bhligh sé í, ag tarraingt bainne





amach aisti agus á chur sa bhuicéad. Chuir sé an bainne isteach i mbuidéal, chuir dide air, thóg cloigeann an lao agus chuir braon beag bainne isteach ina bhéal. Thosaigh an lao a shú an bhainne as an bhuidéal sa deireadh. I rith an ama, áfach, bhí sé ag streachailt in éadan an bhuidéil ag iarraidh é a chur amach as a bhéal, ag streachailt in éadan Athar.

“Is ceann cróga atá againn anseo,” arsa Athair. “Coinneoidh mise greim air, a Antonio.



Tabhair thusa an bainne dó.” Agus thug Athair an buidéal dom.

Tharla ansin go raibh mise ag tabhairt an bhainne don lao. Labhair mé leis agus mé ag tabhairt an bhainne dó, agus stad sé den streachailt láithreach. D’inis mé dó cé chomh hálainn agus a bhí sé agus go mbeadh sé ar an tarbh is breátha sa Spáinn. Bhí sé ag sú an bhainne as an bhuidéal agus bhí sé ag amharc isteach i mo shúile agus mise ag amharc

isteach ina shúilese. Bhí mo chroí istigh ann. I ndiaidh tamaill níorbh éigean d’Athair greim a chonneáil air ar chor ar bith. Dúirt mé le hAthair gur chóir Paco a thabhairt air mar ainm. Dúirt Athair gur ainm breá a bhí ann do tharbh chomh cróga leis. Thiocfadh liom a fheiceáil, áfach, go raibh Athair ag éirí iontach imníoch faoi mháthair Paco. Bhí sí ag éirí níos laige an t-am ar fad. In ainneoin iarrachtaí Athar níorbh fhada a mhair sí agus fuair sí bás cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin. Chonaic mé mo chéad bhreith agus mo chéad bhás taobh istigh den oíche amháin.

# AN DAMHSA







**N**íorbh fhada go raibh Paco ar a chosa. D’fhan mé ansin, agus mé i mo shuí sa choirnéal, le breathnú ar a chéad choiscéimeanna ciotacha. Gach cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin chuaigh muid chuig an scioból le bainne a thabhairt dó. Fuair mé amach go raibh orm seasamh ar bhuicéad a bhí bunoscionn má bhí mé ag iarraidh air a bheith ag sú an bhainne mar is ceart. Bhí mé i mo sheasamh ansin ar an bhuicéad, ag taispeáint an bhuidéil dó agus ag glaoch air teacht anall chugam. I ndiaidh cúpla lá ní raibh orm é sin a dhéanamh fiú. Chomh luath agus a d’oscail mé an doras isteach sa scioból, tháinig sé chugam agus bhíodh sé ag

sú an bhainne chomh láidir sin go raibh sé deacair orm greim a choinneáil ar an bhuidéal. Ba mheasa an scéal nuair a bhí an dide blocáilte, mura raibh sé ábalta an bainne a ól gasta go leor. D'éireodh sé iontach mífhoighneach liom agus bhuailfeadh sé a cheann ar an bhuidéal amhail is go raibh sé ag iarraidh an buidéal féin a shlogadh siar. Is minic a thit an buidéal go talamh.

Ar dtús bhí Athair nó Máthair nó Maria i gcónaí ansin i mo chuideachta. Dúirt Maria go raibh an chuma air go raibh sé furasta an buidéal a thabhairt dó agus níor shásaigh a dhath í ach a seal féin a fháil. Chuir sé áthas an domhain orm gur éirigh Paco iontach míshocair léi agus gur bhuail sé a tóin lena cheann. Níor iarr sí a seal a fháil arís ina dhiaidh sin. Níorbh fhada gur thuig siad go raibh Paco i gcónaí socair séimh liomsa agus go dtiocfadh liom aire a thabhairt dó ar mo chonlán féin. Ina dhiaidh sin, d'fhág siad agam é agus bhí mise breá sásta leis sin.

Is maith is cuimhin liom na laethanta sin agus mé mar a bheadh máthair do Paco ann agus gurbh iadsan na laethanta is fearr i mo shaol iad. Lean Paco mé gach áit. Cheangail mé rópa dá mhuineál agus shiúil mé leis chuig na coillte corcdharach. Níorbh éigean dom é a tharraingt in éadan a chos – ní bheinn ábalta cibé ar bith cionn is go raibh sé i bhfad róláidir dom cheana féin. Bhí an chuma ar an scéal gur lean sé mé as a stuaim féin. Bhíodh sé i gcónaí ag tabhairt sonc dom go díreach lena chur i gcuimhne dom go raibh sé ann nó lena chur i gcuimhne dom go raibh am lóin ann – arís. D'éirigh an bheirt againn iontach mór le chéile.





Tharla maidin amháin i ndiaidh cúpla seachtain gur tháinig deireadh le gach rud. Rinne Máthair iarracht a mhíniú dom cad chuige ar tháinig deireadh le rudaí.

“Rinne tú obair mhaith, a Antonio,” ar sise. “Tá d’athair iontach bródúil asat, agus tá mise iontach bródúil asat fosta. Ní thiocfadh le duine ar bith obair níos fearr a dhéanamh leis, duine ar bith. Ach má tá sé ag dul a bheith ina tharbh mar is ceart, ina tharbh mar is ceart don *corrida*, níl cead agat aire a thabhairt dó níos mó. Níl cead ag duine ar bith aire a thabhairt dó. Caithfidh sé fás aníos go nádúrtha. Is é sin an fáth ar tháinig Paco ar an tsaol, tá a fhios agat sin.”

Ní raibh a fhios agam. Ní raibh barúil ar bith agam cad é air a raibh sí ag caint agus ní raibh suim ar bith agam ina cuid cainte i ndáiríre. Is é an t-aon rud amháin a raibh suim agam ann go raibh Paco ag dul a bheith ag imeacht uaim.

“Chomh maith leis sin,” ar sise, “is fearr as

a bheidh sé agus bó mar mháthair aige. Tá an bhó cheart roghnaithe ag Athair dó. Tá lao dá cuid féin aici, ach tá cuid mhór bainne le spáráil aici – go leor aici do Paco fosta. Is féidir go nglacfaidh sé lá nó dhó ar an bhó éirí cleachta leis, ach féachfaidh Athair chuige sin. Beidh Paco go breá, ná bí buartha.”

Rinne mé argóint léi, ar ndóigh, ach ba léir dom gur cur amú ama a bhí ann. Bhíodh an focal deiridh i gcónaí ag Athair agus é ag ithe a chuid aráin ag am lóin. Nuair a bhí an fheirm agus na hainmhithe i gceist, is aige a bhí an focal deiridh. “As seo amach, a Antonio,” ar seisean agus a scian ina lámh aige agus é ag caint, “fan amach uaidh, tuigeann tú, nó ní bheidh sé ina tharbh mar is ceart ar chor ar bith. An gcluineann tú mé?”

Deireadh an domhain a bhí ann domsa.

Chaoin mé ar feadh fada go leor i mo sheomra leapa, agus ar feadh cúpla lá dhiúltaigh mé rud ar bith a ithe. Rinne mé suas m’intinn

go mbeadh fuath agam ar Athair agus ar Mháthair agus nach labhróinn leo choíche agus go n-imeoinn liom le Paco chomh luath agus a thiocfadh liom. Níor inis mé mo rún do dhuine ar bith seachas Maria. Níl mé ag insint bréige nuair a deirim go mb'fhéidir go bhfaighinn bás den ocras gan Maria a bheith ann. Thug sise amach chuig an scioból mé le Paco a fheiceáil lena mháthair nua. D'amharc mé air ag damhsa thart lena dheartháir nua agus leis na laonna eile. D'inis sí dom go raibh Paco breá sásta.

“Is é sin an rud ba mhaith leat, nach é?” ar sise. “Amharc air. Nach bhfuil an chuma air go bhfuil sé breá sásta?” Ní thiocfadh liom a rá nach raibh. “Mar sin de”, ar sise, “má tá seisean breá sásta ba chóir duitse a bheith breá sásta fosta.”

I ndeireadh na dála, níorbh é deireadh an domhain é. Rinne mé suas m'intinn nach mbeadh orm imeacht liom le Paco. Ina áit sin shocraigh mé go bhfeicfinn Paco ó am go ham,


ach go bhfeicfinn faoi rún é.

Ar ndóigh, ní raibh sé go hiomlán faoi rún agus an scéal ar eolas ag Maria. Bhí sise rannpháirteach sa rún, ina bobarún. Ba ghnách linn fanacht go dtí nach raibh duine ar bith thart, go dtí go raibh Máthair agus Athair gnóthach sa teach nó ar an taobh eile den fheirm, agus ansin sleamhnú amach go fáilí ansin chuig scioból Paco. D'fhan Maria le focal na faire a thabhairt. Sheas mé féin in aice leis an sconsa agus scairt ar Paco teacht anall chugam.

Bhí eagla orm ar dtús go raibh dearmad déanta aige orm. Níor chóir go raibh eagla orm. Nuair a chonaic sé mé tháinig sé anall chugam láithreach agus ligh sé mo lámh. Sílim gur bhain sé pléisiúr as an bhlas shalannach. Lig mé dó a bheith ag sú mo láimhe mar a bheadh dide ann agus bhain sé pléisiúr mór as sin. Ba chuma leis nach raibh bainne ar bith ag teacht amach as mo lámh. Ba leor dó a bheith ag sú, agus nuair a bhíodh Paco ag sú, bhíodh sé ag sú


go láidir. Faoin am a raibh sé réidh bhíodh mo lámh mar a bheadh prúna ann, ach ba chuma liomsa. Bhíodh na laonna eile ag crochadh thart ach níor lig mé dóibh mo lámh a lí. Is do Paco amháin a bhí an pléisiúr sin. Tháinig a mháthair nua chugam uair nó dhó agus í ag luascadh a hadhairce orm, ach sheas mé i gcónaí ar an taobh s'agamsa den sconsa agus níorbh fhada gur chaill sí suim ionam.

Chaith mé a oiread ama agus a thiocfadh liom ag an sconsa sin go díreach ag labhairt le Paco, ag cuimilt a chloiginn agus ag ligean dó mo lámh a lí go láidir. Bhíodh eagla ar Maria i gcónaí go dtiocfadh duine éigin orainn agus bhíodh sí i gcónaí ag gabháil dom go raibh mé



ag caitheamh barraíocht ama leis. Bhí an t-ádh dearg orainn nach bhfuair Athair ná Máthair amach faoinár rún, ní bhfuair siad amach ag an am sin agus ní bhfuair riamh.

D'fhás Paco go gasta sa chéad bhliain dó. D'fhás na hadharca air agus is minic a lig sé air go raibh sé ag troid leis na laonna eile a bhí bliain d'aois, troideanna bréige a bhain seisean i gcónaí. Bhí sé snasta gasta. Bhí rud éigin speisialta faoi agus ba é an lao tairbh is breátha agus is uaisle sa tréad é, dar le hAthair. Chuidigh mé le hAthair ó am go ham an tréad a bhogadh chuig talamh úr féaraigh. Rinne muid sin de dhroim capaill, agus na bulláin bhána agus na bulláin dhonna de Cabrestro



ina measc le iad a chur ar a suaimhneas agus muid ag buachailleacht. Bhí mise i gcónaí ar dhroim Chica, an láir is sine agus is stuama ar an fheirm. Déarfainn go dtiocfadh léi an bhuachailleacht uilig a dhéanamh léi féin gan fadhb ar bith. Fiú an t-am sin agus na tairbh uilig ag rith le chéile, bhí rud éigin speisialta faoi Paco. Bhíodh sé i gcónaí amuigh chun tosaigh leis na tairbh mhóra a bhí cúig bliana d'aois, leis na tairbh is mó. Bhí mé iontach bródúil as cé nár labhair mé le duine ar bith faoi seachas Maria. Is minic a chuir sí comhairle orm gan éirí iontach mór leis. Is cuimhin liom an chomhairle sin. “Caithfidh gach ainmhí bás a fháil, a Antonio,” ar sise liom. “Beidh brón ort má éiríonn tú iontach mór leis.” Ní raibh mise ach sé bliana d'aois, áfach, agus is beag tuiscint a bhí agam ar an bhás. Níor smaoinigh mé air ar chor ar bith. Bhí tuiscint de chineál éigin agam ar an dóigh a dtarlaíonn an bás, ach ní raibh suim ar bith agam ann cionn is gurbh iad

na seandaoine agus na seanainmhithe amháin a fuair bás. Bhí Paco óg. Bhí mise óg. Mar sin de, is beag aird a thug mé ar an chomhairle a chuir mo dheirfiúr orm.


Ghlac sé am orm an scéal iomlán a thuiscint. Bhí mé ag siúl abhaile ón scoil lá nuair a chonaic mé gasúir níos sine ná mé ag crochadh thart ar an tobar in Saucedá. Bhí beirt acu ag imirt cluiche éigin ar an tsráid agus bhí an chuid eile á ngríosú agus ag scairteadh orthu. Cluiche a bhí ann nach bhfaca mise roimhe, mar sin de stop mé gur amharc mé orthu.

Bhí duine de na gasúir darbh ainm Vittorio, col ceathrar liom a bhí ann, bhí seisean ag brú gléas aisteach roimhe. Bhí roth amháin agus dhá hanla ar an ghléas chéanna agus é mar a bheadh bara rotha ann. Ní bara rotha a bhí ann, áfach, ach píosa adhmaid i gcruth tairbh a raibh adharca ag gobadh amach as chun tosaigh. Tarbhchomhrac bréige a bhí ann – ba léir dom sin. Chonaic mé grianghraif in





airde ar bhallaí an chaifé sa tsráidbhaile de na matadóirí gléasta i gcába agus an tarbh ag rith ina ndiaidh. Mhottaigh mé i gcónaí gur cineál de dhamhsa a bhí ann. Bhí Vittorio, a raibh an gléas tairbh aige, ag rith ionsar José, agus bhí José ag tabhairt sleaschéim thart air ag an bhomaite dheireanach, sa dóigh nár bhuaíl na hadharca ach a chába corcairdhearg a bhí á luascadh siar agus aniar. Agus scairt siad uilig: “*Olé! Olé!*” nuair a tharla sin. Bhí sé cosúil le damhsa bailé. D’fhan mé tamall fada ag amharc orthu agus



mé go hiomlán faoi dhraíocht acu.

Bhí bata ag José ina lámh agus scairt siad uilig amach os ard: “Maraigh an tarbh! Maraigh an tarbh. Sáigh é leis an bhata! Sáigh é leis an bhata!

Go tobann, shamhlaigh mé gurbh é Paco an tarbh a bhí ag rith ionsar an chába agus shamhlaigh mé fosta gur claíomh lonrach a bhí sa bhata ina lámh. Shamhlaigh mé go raibh fuil sa deannach agus go raibh siad uilig ag screadach, ag gáire agus ag bualadh bos.

Thiontaigh mé ar mo chosa agus rith mé an bealach ar fad abhaile agus mé ag caoineadh uisce mo chinn. Chuir mé ceist ar Maria. D'inis sí dom go raibh gach rud ceart go leor, nárbh é seo an rud a tharlaíonn sa *corrida*, nach raibh ann ach cluiche, nach raibh ann ach cluiche damhsa.

Bhí sí ag bailiú uibheacha nuair a tháinig mé uirthi. “Níl ann ach cluiche damhsa, nach ea?” arsa mise agus mé ag scairteadh. “Ní mharaíonn siad na tairbh i ndáiríre. Inis dom nach maraíonn.”

Agus d'inis mé di gach rud a chonaic mé. Thug sí póg dom agus thriomaigh sí na deora de m'aghaidh. Rinne sí a dícheall mé a chur ar mo shuaimhneas. “Beidh gach rud ceart go leor, a Antonio,” ar sise. “Mar a deir tú féin. Níl ann ach cluiche, níl ann ach cluiche damhsa.”

“Agus an mbeidh ar Paco a bheith páirteach sa chluiche?” a d'fhiafraigh mé di.

“Is dócha go mbeidh,” ar sise. “Ach ná


bí buartha, ní bheidh a fhios aige a dhath ar bith faoi. Ní smaoiníonn ainmhithe mar a smaoiníonn daoine, a Antonio. Is ainmhithe iad na hainmhithe agus is daoine iad na daoine.”

D’fhiafraigh mé di arís agus arís eile, ach d’éirigh sí mífhoighneach liom agus dúirt liom gan a bheith amaideach. Scairt mé uirthi ansin agus dúirt nach mise a bhí amaideach ach ise. Thug mé bó amaideach uirthi. Thosaigh sí a ghéimneach orm mar a bheadh bó ann agus rith sí ionsorm, agus rith mise ionsuirthi. Bhris muid cuid mhaith de na huibheacha agus muid ag streachailt lena chéile. Is cuimhin liom go maith go raibh fearg an domhain ar Mháthair linn beirt. Nuair a chuaigh mé a luí an oíche sin, áfach, bhí mé ar mo shuaimhneas gan buaireamh ar bith orm. Creideann muid i gcónaí an rud ba mhaith linn a chreidiúint.

Ansin chuala muid an scéal go raibh Uncail Juan ag teacht le fanacht againn tamall. Ba é Juan an duine ba cháiliúla inár dteaghlach ar

fad. Ní fhaca mé é ach uair amháin roimhe, ag baisteadh, agus chuimhnigh mé go raibh sé ard láidir agus go raibh an-dúil ag daoine ann. Thug siad *El Bailarin* (An Damhsóir) air. Matadóir a bhí ann, fíordhamhsóir na dtarbh. Bhí cónaí air in Malaga a bhí suite ar an taobh eile de na cnoic na mílte uainn. Ní raibh mise riamh in Malaga, ach bhí a fhios agam gur baile mór tábhachtach a bhí ann, agus go raibh m'Uncail Juan ina mhatadóir leis na tairbh is fearr sa Spáinn agus in Ronda chomh maith.

Bheadh sceitimíní an domhain ar gach duine nuair a thiocfadh sé ar cuairt. Thiocfadh gach duine le é a fheiceáil agus bheadh féasta mór againn. D'inis mé gach rud do Paco an tráthnóna sular tháinig sé. Sheas Paco ag éisteacht liom agus é ag luascadh a eireabaill anonn is anall ar na cuileoga. “B’fhéidir go ndéanfaidh sé damhsa leatsa lá éigin san fháinne, a Paco”, arsa mise. “Ar mhaith leat sin?” Thochais mé é san áit ar thaitin sé leis,



chuimil mé a mhúineál agus d'fhág mé é.

Bhain Uncail Juan an baile amach go mall an lá dár gcionn. Chuir muid an tábla fada in airde taobh amuigh, agus caithfidh sé go raibh fiche againn ann inár suí thart air an tráthnóna sin leis an *paella* a ithe. Bhí mé ag stánadh ar Uncail Juan an t-am ar fad. Bhí sé níos airde ná a shíl mé a bheadh sé, agus iontach dáiríre fosta. Ní raibh aoibh an gháire air liom ar chor ar bith i rith an dinnéir, fiú nuair a bhí sé ag amharc orm idir an dá shúil. Mhóthaigh mé go raibh a shúile ag amharc díreach tríom. Níor labhair sé ar rud ar bith seachas an *corrida* an lá dár gcionn in Algar. Labhair sé ar na sluaite a bheadh ann agus dúirt go mbeadh orainn a

bheith ann go luath le háit a fháil.

Bhí mé ar tí ceist a chur ar Athair an mbeadh cead agam dul chuige fosta nuair a leag sé a lámh ar mo ghualainn. “Agus beidh Antonio ag teacht fosta,” ar seisean go bródúil. “Is é seo an chéad uair a bheidh sé ag an *corrida*. Tá sé mór go leor anois. Tá a fhios agam go bhfuil sé beag, ach fear beag atá ann, fear beag s’agamsa.”

Agus rinne gach duine bualadh bos agus bhí bród an domhain orm féin go raibh bród air asam. Bhí an chraic go hiontach thart ar an tábla an tráthnóna sin agus thaitin sé go mór liom.

D’éirigh sé dorcha. Bhí éagaoin na gaoithe ag teacht tríd na crainn ghiúise agus bhí ceol na gcriogar le cluinstitín ar fud na háite. Labhair siad go hiontach dáiríre anois agus a n-aghaidheanna le feiceáil i solas na laindéar. Labhair siad ar an chogadh, ar chogadh nár chuala mise rud ar bith faoi go dtí an oíche sin.

Labhair gach duine i nglórtha ciúine, ag

cromadh chun tosaigh, amhail is go raibh eagla orthu go mbeadh namhaid ag éisteacht leo nó ag amharc orthu i ndorchadas na hoíche. Is é an t-aon chiall amháin a bhain mise as ná go raibh an dúfhuath ag cuid acu ar Ghinearál as tuaisceart na tíre, darbh ainm Franco, a bhí ag cur saighdiúirí de Léigiún Coigríochach na Spáinne isteach go Andalucia le hionsaí a dhéanamh orainn, agus go raibh ár saighdiúirí féin, Poblachtaigh a tugadh orthu, go raibh siadsan ag teacht le chéile sna cnoic le troid ina n-éadan.

Agus gan mé ach sé bliana d’aois fiú ba léir dom go raibh an argóint soiléir go leor. Troid a dhéanamh ina n-éadan, nó gan troid a dhéanamh ina n-éadan. Cur ina n-aghaidh nó gan cur ina n-aghaidh. Bhí Athair cinnte de nach mbainfeadh siad dúinn dá leanfadh muid orainn gan cur isteach orthu. Níor aontaigh daoine eile leis ar chor ar bith, agus iad ag labhairt i gcogair ard gan a bheith ag éisteacht lena chéile i gceart.



Lena linn seo uilig níor labhair Uncail Juan focal ach é ina shuí ag caitheamh tobac. Nuair a labhair sé faoi dheireadh, thost gach duine láithreach. “Ceist na saoirse atá ann,” ar seisean go ciúin. “Fear gan saoirse, fear gan onóir, gan dínit, gan mhaith. Má thagann siad, troidfidh mise ar son mhuintir bhocht Andalucia a bhfuil sé de cheart acu a sáith bia a fháil agus troidfidh mé ar son ár gceart agus ar son ár saoirse.”

Tamall beag ina dhiaidh sin d’éirigh mé dubh dóite leis an chaint uilig faoin chogadh agus bhí mé ag éirí fuar fosta. Mar sin de, d’imigh mé liom gan focal a rá isteach sa teach agus suas an staighre. Agus mé ag siúl thart leis an tseomra a chóirigh muid d’Uncail Juan, mhothaigh mé go raibh an doras oscailte. Bhí féileacán oíche ag damhsa thart ar an lampa, a scáilí ag damhsa ar an tsíleáil. Bhí cuid éadaigh Uncail Juan ina luí ar an leaba – a chulaith mhatadóra agus na mílte cnaipí agus coirníní ag lonrú uirthi, agus a hata dubh



lonrach agus a chába corcairdhearg ina luí in aice leis. D’amharc mé thart agus chuaigh isteach go ciúin. Dhruid mé an doras i mo dhiaidh. Bhí mé ábalta monabhar cainte na ndaoine fásta a chluinstin agus iad thíos staighre. Bhí mé slán sábháilte. Bhí an chulaith iontach trom, ach d’éirigh liom í a chur orm. Bhí sí i bhfad rómhór dom ar ndóigh. Nuair a chuir mé orm an hata bhí sé i bhfad rómhór dom fosta agus tháinig sé anuas go barr mo ghaosáin. B’éigean dom mo smig a ardú sa dóigh go dtiocfadh liom mé

féin a fheiceáil sa scáthán. Chuir mé orm ansin an *muleta*, an cába corcairdhearg. Luasc mé é, bhí sé ar snámh san aer agam, bhuaile mé é mar a bheadh sciathán ann agus mé ag damhsa os comhair an scátháin. Leoga, lig mé orm féin gur tarbh a bhí sa scáthán. “*Ole!*” a scairt mé isteach sa scáthán. “*Ole!*”

Thosaigh duine éigin a bhualadh bos taobh thiar díom. Bhí Uncail Juan ina sheasamh sa doras, agus aoibh mhór ar a aghaidh. “Tá tú maith ag an damhsa, a Antonio,” ar seisean, agus é ag dul síos ar a ghogaide os mo chomhair. “Ní bheadh tarbh ar bith gasta go leor le tú a bhualadh, ní bheadh choíche. Maith thú!”

“Tá tarbh de mo chuid féin agam,” arsa mise leis. “Paco an t-ainm atá air, agus is é an tarbh is fearr sa Spáinn é.”


Chlaon Uncail Juan a cheann. “Tá a fhios agam, d’inis d’Athair dom,” ar seisean. “B’fhéidir go ndéanfainn damhsa leis lá éigin san fháinne in Ronda. Ar mhaith leat sin? An

dtiocfaidh tú le mé a fheiceáil?” Bhain sé díom an hata dubh, an chulaith ghalánta agus an cába. D’amharc mé orm féin sa scáthán arís. Gnáthdhuine a bhí ionam arís, gan mé i mo mhatadóir níos mó. Ba mise Antonio arís.

Chuir sé a mhéara trí mo chuid gruaige. “Ar mhaith leat cuidiú liom agus mé ag cleachtadh?” a d’fhiafraigh sé.


Ní raibh mé róchinnte cad é a bhí i gceist aige, ní ar dtús ar scor ar bith. Ansin chroith sé a chába corcairdhearg agus sheas go díreach agus é chóir a bheith ag bualadh na síleála, ghread a chosa ar an talamh agus luasc an cába. “*Toro!*” a scairt sé. “*Toro!*” Agus rith mé ionsair. Rith mé ionsair arís agus arís eile, agus gach uair a rith mé chlúdaigh sé mé lena chába mór agus b’éigean dom mo bhealach a throid amach as.

Sa deireadh, chaith sé uaidh a chába, thóg sé mé agus chuir sé mé go hard san aer sa dóigh go raibh muid ag amharc idir an dá shúil



ar a chéile. “Déanfaidh muid damhsa maith, a bhulláin,” ar seisean, agus phóg sé ar an dá leiceann mé. “Anois tá am luí ann. Caithfidh mé damhsa dáiríre a dhéanamh amárach. Guigh gach rath agus bláth orm. Abair paidir ar mo shon.” Ghuigh agus dúirt.

Is beag a chodail mé an oíche sin. Faoin am ar éirigh mé bhí Uncail Juan imithe. D’fhág muid féin an teach go luath agus thaistil muid sa chairt go Algar. Bhí an bóthar dubh le capaill, le miúileanna agus le cairteanna agus iad uilig



ag dul go Algar don *corrida*. B'fhada agus ba rófhada liom an turas. Shuigh mé in aice le Maria, agus rud a bhí aisteach go leor, bhí sí ina suí go ciúin. Is ar éigean a labhair sí liom an mhaidin ar fad.

Nuair a bhain muid fáinne na dtarbh amach, bhí an teas, an callán agus an torann dochreidte. Bhí an áit uilig ag preabadh mar gheall ar an ruaille buaille. Agus na trumpaí á seinm, shiúil Uncail Juan isteach san fháinne go gaisciúil agus an chulaith ghálanta air. Shiúil fir eile amach taobh thiar de, *banderilleros* agus

*picadors*, a d'inis Maria dom. Nuair a chuir mé ceist uirthi, áfach, cén fáth a raibh siad ann bhí an chuma uirthi nár mhaith léi a insint dom. Ina áit sin, thóg sí mo lámh, choinnigh greim daingean uirthi agus níor scaoil sí saor í. Go tobann, d'éirigh mé iontach imníoch. D'amharc mé uirthi le mé a chur ar mo shuaimhneas, ach níor amharc sí orm.

Bhí an lucht féachana uilig ina seasamh thart ar an fháinne agus iad ag bualadh bos go díograiseach. Stop Uncail Juan os ár gcomhair agus bhain de a hata dúinn. Bhí idir áthas agus bhród orm ag an bhomaite sin. Seinneadh trumpa eile agus rith an tarbh de shodar go teann isteach go lár an fháinne, beithíoch dubh galánta ollmhór a bhí ann agus é ag lonrú faoin ghrian. Ansin, chonaic an tarbh Uncail Juan agus cuireadh tús leis an damhsa.



**TORO! TORO!**





**B**hí an damhsa cosúil leis an phictiúr ar bhalla an chaifé sa tsráidbhaile ar dtús, rud a raibh mé ag dúil leis ach amháin nárbh é Uncail Juan a rinne an damhsa. Choimhead sé ó imeall an fháinne. Bhí duine de na fir eile ag déanamh an damhsa, agus ní raibh dath corcairdhearg ar a chába ach dath buí agus corcra air. Rith an tarbh ionsair ag luascadh a hadhairce isteach sa chába. Gach uair a rith an tarbh thart leis, scairt an scaifte “*Ole! Ole!*” go díreach ar an dóigh chéanna ar scairt na buachaillí nuair a bhí mo chol ceathracha Vittorio agus José ag imirt an chluiche thiar in Saucedá.

Bhí greim láimhe ag Maria orm i rith an ama sin. Shíl mé go raibh an tarbh ag baint sult as an chluiche, ag tógáil an deannaigh lena chrúba sular rith sé, ag seitreach agus ag croitheadh

a chinn. Bhí sé iontach cosúil le Paco, ach é níos mó ar ndóigh, agus chuir sé a chloigeann in airde agus cuma bhródúil air ar an dóigh chéanna le Paco. Mar sin féin, choinnigh sé ag rith agus choinnigh an fear ag damhsa. Cluiche maith a bhí ann. Bhí mise ag baint sult as fosta agus mé ag scairteadh mar a rinne na daoine eile.


Séideadh an trumpa an tríú huair ansin. Mhothaigh mé gur éirigh greim Maria ar mo lámh níos daingne. Chuir na bomaití ina dhiaidh sin idir eagla agus uafás orm.

Tagann na fir isteach ar mhuintir capaill a bhfuil cultacha cosantacha orthu, agus ritheann an tarbh ionsorthu. Téann an chéad phíce isteach ann, go domhain isteach i ngualainn an tairbh agus ritheann sé arís agus arís eile ionsorthu. Tá an fhuil ag púscadh amach as a thaobh, cuid mhór fola, agus tá an slua ag scairteadh agus ag iarraidh tuilleadh fola. Mothaíonn sé an phian, is léir óna aghaidh go

mothaíonn sé í, ach níl eagla ar bith air. Is tarbh cróga uasal é. Feicim gach rud atá ag tarlú tríd na deora atá i mo shúile – na *banderillos* ag spochadh as, ag cur fearg an domhain air, ag sá a ndairteanna daite isteach ina ghuaillí, á fhágáil ina sheasamh amuigh ansin, ag tabhairt a ndúshláin, a theanga ar crochadh amach as a bhéal agus é i bpian mhór.

Cluintear trumpa eile, agus tá ciúnas ann anois. Siúlann Uncail Juan chun tosaigh agus baineann sé de a hata. Ní chluinim an rud a deir sé, agus le fírinne is cuma liom. Tá a fhios agam anois cad é atá ag dul a tharla agus tá fuath agam air mar gheall ar an rud atá sé ag dul a dhéanamh. Seasann sé os comhair an tairbh, an-díreach, agus a chába corcairdhearg sínte amach aige. “*Toro!*” a scairteann sé. “*Toro!*” Ritheann an tarbh ionsair, uair amháin, dhá uair, trí huaire, agus gach uair téann a adharca isteach i gcába Uncail Juan gan dochar ar bith a dhéanamh dó. Tá an chuma ar an scéal anois

nach bhfuil fuinneamh ar bith fágtha sa tarbh le rud ar bith a dhéanamh. Seasann sé, a anáil i mbarr a ghoib aige agus fanann sé. Tagann an claíomh airgid amach as a chába corcairdhearg mar a bheadh draíocht ann. Feicim an claíomh airgid go hard san aer i lámh Uncail Juan. Feicim é ag lonrú faoi sholas na gréine. Ní fheicim a dhath ar bith eile ina dhiaidh sin agus m'aghaidh sáite isteach i ngualainn Maria.





“Tabhair amach mé!” Bhí mé ag impí uirthi.  
“Tabhair amach mé!” Agus muid ag déanamh  
ár mbealaigh tríd an tslua chonaic mé na  
miúileanna ag tarraingt an tairbh ina ndiaidh.  
Bhí sé ag cur fola go trom gan bogadh ar bith  
as. Bhí Uncail Juan ag siúl thart go gaisciúil  
ag breith ar na bláthanna agus é sásta leis an  
bhualadh mhór bos a fuair sé.

Nuair a bhí mé taobh amuigh thosaigh  
mé a chaitheamh aníos. Arís agus arís eile bhí  
mé ag caitheamh aníos, agus choinnigh Maria  
greim ar mo chloigeann. Shiúil sí liom síos  
chuig an tobar i lár an tsráidbhaile agus ghlan  
sí m’aghaidh. Níor dhúirt sí a dhath ar bith. Ní  
thiocfadh léi mé a shuaimhniú agus bhí a fhios  
aici sin. Mar sin de, thug sí croí isteach dom  
agus mé ag caoineadh uisce mo chinn.

Nuair a thriomaigh mé mo shúile, chuir  
mé ceist uirthi, cé go raibh an freagra ar eolas  
agam cheana féin. “An é sin an rud a tharlóidh  
do Paco?”

“Is é,” a d’fhreagair sí agus thug sí croí isteach eile dom. “Ná bí ag caoineadh, a Antonio,” ar sise. “Níl a fhios ag Paco cad é atá ag dul a tharlú. Smaoinigh air mar seo: ní bheidh ann ach cúpla bomaite ag deireadh a shaoil, agus beidh sé uilig thart go gasta.”

Bhrúigh mé uaim í. “Ní bheidh choíche!” a scairt mé. “Ní ligfidh mé dó sin tarlú dó, a Maria, ní ligfidh.” Agus ar an bhomaite sin shocraigh mé i m’intinn go sábhálfainn Paco ar dhóigh éigin ó fháinne na dtarbh. “Tá mé ag dul a rith ar shiúl leis,” arsa mise, “agus ní thiocfaidh mé ar ais choíche.”

Gheall mé é do Paco an tráthnóna sin nuair a labhair mé leis. Tháinig sé anall chugam de shodar nuair a chonaic sé mé ag teacht. Sheas mé ag an sconsa, chuimil mé a mhuineál agus labhair mé leis go séimh. Níor dhúirt mé leis cad é a chonaic mé an lá sin – níor mhaith liom choíche go mbeadh a fhios aige. “Imeoidh muid go luath,” arsa mise leis. “Tabharfaidh mé ar



shiúl thú sa dóigh go mbeidh tú ábalta dul a chónaí go fiáin sna cnoic, áit a mbeidh tú slán go deo na ndeor. Socróidh mé rud éigin, geallaim duit.” Ach chuaigh tamall fada thart sula raibh mé ábalta mo ghealltanais a chomhlíonadh.

Bhí rudaí eile ag titim amach. Bhí níos mó ná ábhar cainte ann anois nó bhí sé ina chogadh ceart. Tharla roinnt seachtainí i ndiaidh an tarbhchomhraic in Algar gur tháinig na chéad saighdiúirí chuig an tsráidbhaile, ár saighdiúirí féin, saighdiúirí Poblachtacha. Bhí cuid acu gortaithe – chonaic mé cuid acu ag baint úsáid as maidí croise agus cuid eile a raibh bindealán ar an chloigeann acu ina suí sa chaifé. Dúradh go raibh cuid eile i bhfolach sna tithe sa tsráidbhaile nó thuas sna coillte. Ní raibh ag éirí go maith leo sa chogadh, ná go maith linne, a mhínigh Máthair. B'éigean dúinn bia a thabhairt do na saighdiúirí, ar sise. Ba é sin an rud ba lú a thiocthadh linn a dhéanamh. Chuirfeadh an bia an neart iontu arís le dul a



throid. Ní raibh barúil ar bith agam go fóill cén fáth a raibh siad ag troid.

Ba ghnách le Máthair mise agus Maria a chur chuig an tsráidbhaile chóir a bheith gach lá. Bhíodh uibheacha, liamhás agus cáis againn do na saighdiúirí. Thug muid an bia chuig an chaifé agus in amanna bhíodh na saighdiúirí ag canadh, ag caitheamh agus ag ól. Bhí a fhios agam go raibh na saighdiúirí seo ar an taobh s’againne, ach bhí cuma gharbh orthu mar sin féin agus chuir na súile s’acu eagla orm, fiú nuair a bhí aoibh an gháire orthu liom. Ach

thug siad cead dom greim a fháil ar an raidhfíil agus ligean orm go raibh mé ag scaoileadh, agus thaitin sé sin liom.

Sa bhaile ní raibh focal ar bith as Athair. Bhí a fhios againn uilig cad é a bhí ag cur isteach air. Ní raibh sé ag iarraidh taobh ar bith a ghlacadh sa chogadh seo. Ag troid in éadan ionróirí – thiocfadh leis é sin a thuiscint. Ach Spáinneach in éadan Spáinnigh, col ceathrair in éadan col ceathrar? Ní raibh sé ceart ná cóir. Chomh maith leis sin, chuirfeadh sé muid i dtrioblóid le taobh amháin nó leis an taobh eile. Bhí sé ag iarraidh orainne fanacht amach as.

Ach bhí Máthair dáigh as a barúil féin. Chuir sí bia chuig na saighdiúirí sa tsráidbhaile, ba chuma cad é a dúirt sé. Bhí siad dár gcosaint, ag cosaint na saoirse agus chuideodh sí leo. Bhí sí cliste ina hargóintí le hAthair agus cé nár aontaigh sé léi, lig sé di an bia a thabhairt dóibh. Ach ní raibh sé sásta ar chor ar bith agus bhí sé duairc ciúin. Ag amharc siar air is dócha go

raibh an chuma ar an scéal go raibh muid uilig in éadan Athar. Is cinnte go raibh Maria agus Máthair ina éadan, ach i dtaca liom féin ní raibh ann ach gur thug mé an bia do na saighdiúirí sa tsráidbhaile cionn is go raibh mé ag iarraidh na saighdiúirí a chluinstin ag canadh arís agus greim a fháil ar a raidhfílí.

I rith an ama sin bhí mé i gcónaí ag smaoineamh ar Paco agus ar an dóigh le é a scaoileadh saor. Bhí mé i mo luí múscailte san oíche ag iarraidh an dóigh le sin a dhéanamh a oibriú amach. Gach uair a chuaigh mé ar Aifreann ghuigh mé Íosa go n-inseodh sé dom an dóigh le é a dhéanamh. Cad é mar a thiocfadh liom Paco a scaradh ón chaoga tarbh eile cruinnithe thart air sa dóigh go dtiocfadh liom é a thabhairt suas sna cnoic? Cad é mar a bhí mé ag dul a dhéanamh? Smaoinigh mé ar mo rún a scaoileadh le Maria, ar chuidiú a iarraidh uirthi, ach ní raibh sé de mhisneach agam. Bhí seans ann go n-inseodh sí do Mháthair é – bhí siadsan

mar a bheadh deirfiúracha ann, an bheirt sin i gcónaí ag labhairt óna gcroí lena chéile. Níor inis mé do dhuine ar bith é. Choinnigh mé mo rún agam féin. Bheadh orm é a oibriú amach dom féin ar dhóigh éigin.

An lá a tháinig an smaoineamh chugam bhí mé ag tiomáint na dtarbh le hAthair chuig an pháirc fhéarach is faide ar shiúl ón teach. Bhí an chuma air go ndéanfadh sé níos mó cainte liom amuigh ar an fheirm ná a dhéanfadh sé sa bhaile. Ba iad na tairbh ba chúis leis sin, déarfainn, a chuid tairbh dhubha a raibh an-dúil aige iontu. Bhíodh sé i gcónaí sona sásta i measc na dtarbh. Bhí mise ar mhuintir Chica mar ba ghnách, á gcrúinniú le chéile ón chúl. Bhí an tréad ag siúl leo diaidh ar ndiaidh – agus Paco ag dul chun tosaigh leis na tairbh mhóra – nuair a tháinig Athair a mharcaíocht a fhad liom.

“Bhuel, a Antonio,” ar seisean, “ní fada go mbeidh tú féin ábalta é seo a dhéanamh leat féin, nach ea?”

“Ní fada, a Athair,” a d’fhreagair mé, agus bhí mé dáiríre fosta, mar le linn mé a bheith ag labhairt leis, rith sé liom cad é mar a thiocfadh liom Paco a scaoileadh saor. Bhí a fhios agam go raibh an rud a bhí mé ag dul a dhéanamh go holc ar fad, an rud is measa a thiocfadh liom a dhéanamh ar m’athair; ach b’éigean dom Paco a shábháil, agus ba é seo an t-aon bhealach amháin a thiocfadh liom é a shábháil.

An oíche chéanna luigh mé ar mo leaba agus mé ag iarraidh fanacht múscailte. D’fhan mé gur thit ciúnas ar an teach, go dtí go raibh mé chomh cinnte de agus a thiocfadh liom go raibh gach duine ina chodladh. Nuair a chuala mé Athair ag srannfach go domhain mheas mé go raibh sé sábháilte éirí.

Bhí mé gléasta cheana féin faoi mo bhlaincéid. Chuaigh mé amach as an teach go fáilí agus trasna an chlóis i dtreo an stábla. Oíche ghealaí a bhí ann agus bhí na madraí ag geonaíl orm, ach chuimil mé iad agus níor thosaigh siad

a thafann. Shiúil mé amach as an stábla le Chica agus chuaigh suas ar a droim píosa maith síos an cosán chuig an fheirm as radharc mhuintir an tí. Chuaigh mé a mharcaíocht uirthi ansin trasna na feirme i dtreo na páirce ina raibh Paco agus na tairbh eile cruinnithe le chéile.

Bhí an smaoineamh a bhí agam ciotach ach simplí. Bhí a fhios agam go mbeadh sé iontach deacair Paco a scaradh ó na tairbh eile agus dá n-éireodh liom é sin a dhéanamh fiú, luath nó mall is cinnte go dtiocfadh sé ar ais chuig an chuid eile. Ainmhí tréada a bhí ann i ndeireadh na dála. Bheadh orm iad uilig a scaoileadh saor, iad uilig le chéile, agus iad a thiomáint chomh fada agus a thiocfadh liom suas isteach sna coillte corcdharach, áit a dtiocfadh leo dul i bhfolach gan duine ar bith a bheith ábalta breith orthu. Dá mbéarfadh siad ar roinnt acu fiú, b'fhéidir go mbeadh an t-ádth ar Paco. Ar a laghad bhí seans aige ar an dóigh sin a bheith saor agus uafás an *corrida* a sheachaint.

Chorraigh an t-eallach sa pháirc agus mé ag teacht a fhad leo. Chuir an cuairteoir aisteach seo i lár na hoíche imní orthu agus d'éirigh siad míshocair. Tháinig mé anuas den chapall ag an gheata agus d'oscail mé é. Sheas siad ar feadh tamall fada ag amharc orm, ag seitreach, ag croitheadh a n-adharc ó thaobh go taobh. Labhair mé amach go ciúin i ndorchadas na hoíche. "A Paco! A Paco! Mise atá ann. Antonio atá ann!"


Bhí a fhios agam go dtiocfadh sé agus tháinig, ag siúl go malltríallach a fhad liom, a chluasa ag bíogadh agus é ag éisteacht liom i rith an ama agus mé á mhealladh chugam. Ansin, nuair a bhain sé an geata oscailte amach, thosaigh an chuid eile á leanúint. Tharla gach rud iontach gasta ina dhiaidh sin. Ar dtús shiúil siad amach ar an gheata gan deifir ar bith orthu. Thosaigh siad a shodar, ansin a bhrú in éadan a chéile, ansin a rith ar cosa in airde agus ag brú a mbealaigh thart orm agus d'imigh siad leo. Shíl





mé go cinnte gur imigh Paco leo, é scuabtha chun bealaigh agus na tairbh ag imeacht chun scaoill.

Níl a fhios agam cad é a d'fhág mé gan aithne gan urlabhra, ach nuair a tháinig mé chugam féin ní raibh mé fágtha liom féin. Bhí Paco ina sheasamh in aice liom agus é ag amharc anuas orm agus bhí Chica ag innilt cóngarach dúinn. Níl a fhios agam cé acu a shábháil Paco mo bheo agus na tairbh ag imeacht chun scaoill nó nár shábháil. Bhí a fhios agam, áfach, gur éirigh go geal le mo phlean, níos fearr ná mar a shíl mé a d'éireodh leis.



D'éirigh mé i mo sheasamh go malltriallach, agus mo sháith iontais orm nár bhris mé cnámh ar bith. Ní raibh mé gortaithe go dona ar chor ar bith, gan ach cúpla brú ghorma orm agus cneá bheag ar mo leiceann. Mhóthaigh mé an fhuil, bhí sí te tiubh ar mo lámh. Ní raibh rópa ar bith agam, ach bhí a fhios agam go mbeadh ceann de dhíth orm, go leanfadh Paco mé féin agus Chica dá mbeadh sé ceangailte le rópa.

Bhí sé de rún agam dul a fhad agus a thiocfadh liom roimh éirí na gréine. Ina dhiaidh sin ní raibh barúil agam cén áit a rachainn nó cad é a dhéanfainn leis. Bhí lúcháir mhór orm,

mar sin féin, agus muid ag dul suas an cosán garbh sléibhe. Bhí Paco saor agus dhéanfainn cinnte de go mbeadh sé saor i gcónaí. Ní raibh mo choinsias ag cur as dom ar chor ar bith. Níor smaoinigh mé ar Athair ná ar an dóigh a mothódh sé nuair a gheobhadh sé amach gur chaill sé a thréad luachmhar tarbh. Ní bhfaigheadh Paco bás uafásach i bhfáinne na dtarbh – ba é sin an t-aon rud a bhí ar m'intinn. Bhí an gníomh déanta agus bhí lúcháir mhór orm.

Bhí an chuma ar Chica go raibh eolas an bhealaigh aici, agus bhí sí chomh lúfar le miúil. Cé go raibh mé spíonta ní raibh baol ann go dtitfinn de Chica. Ní raibh Paco chomh cinnte sin ar a chosa ar ár gcúl ach bhí ag éirí leis.

Mhóthaigh mé ceo na maidine thart orainn sula bhfaca mé éirí na gréine. Lean muid ar aghaidh, suas agus suas isteach sa cheo, go dtí go raibh dorchadas na hoíche imithe sa deireadh agus ball bán ag teacht ar an lá.

Go tobann bhí talamh bán os ár gcomhair. Bhí scioból cloiche ar an taobh thall a bhí ag titim as a chéile agus clós cloiche in aice leis. Ní fhaca mé an clós cloiche sin riamh cé go raibh roinnt eile cosúil leis feicthe agam. Bhí siad scaipthe ar fud na gcoillte corcdharach agus tógadh iad le ba, caoirigh nó gabhair a choinneáil istigh iontu. Lean Paco muid isteach agus dhruid mé an geata ina dhiaidh. Thosaigh Paco agus Chica a innilt chomh luath agus a bhí siad istigh. Luigh mé síos ar fhoscadh an bhalla agus thit mé i mo chodladh láithreach.

Mhúscail teas na gréine mé, sin nó na bultúir ag screadach sa spéir. Bhí siad ag dul thart i gciorcail os ár gcionn sa spéir ghorm. Bhí an ceo imithe anois. Bhí Paco ina luí in aice liom agus é ag cogaint na círe agus ag lí a shróine. Bhí Chica ina seasamh ar thrí chos gan í ach leathmhúscailte. Luigh mé ansin ar feadh tamaill agus mé ag iarraidh mo mhachnamh a dhéanamh ar rudaí.



Sin an uair a chuala mé tormán sa spéir, mar a bheadh dordán ann, mar a bheadh milliún beach ann. Ní raibh beach ar bith le feiceáil, áfach, beach ar bith in áit ar bith. Ní raibh rud ar bith le feiceáil. Shíl mé go gcaithfeadh sé go raibh mé ag brionglóideach. Go tobann, áfach, bhí Paco ina sheasamh ag seitreach agus bhí na bultúir imithe. Bhí an dordán ag teacht níos cóngaraí agus níos cóngaraí i rith an ama, go dtí go raibh sé mar a bheadh toirneach ann sa spéir. Chonaic mé iad ansin, ag eitilt go híseal os cionn dhroim an tsléibhe ionsorainn, na scórtha acu – eitleáin a raibh crosóga dubha ar na sciatháin acu. Tháinig siad go díreach os ár gcionn, tormán na n-inneall chomh hard sin go raibh mo chluasa nimhneach.




Bhí mo chroí i mo bhéal agam. Rinne mé ceirtlín díom féin in aice leis an bhalla agus chuir mé mo lámha thar mo chluasa. Bhí Paco ag éirí iontach míshocair agus bhí Chica ag rith thart i gciorcail taobh istigh den chlós cloiche. Thosaigh na heitleáin a thumadh go géar, a gcuid inneall ag screadach, a thumadh go géar ar Saucedá, a thumadh go géar ar mo theachsa.

Chonaic mé toit na chéad bhuamaí sular chuala mé na pléascáin i gcéin. Bhí sé amhail is go raibh dia díoltasach éigin ag bualadh a dhoirn ar thalamh an tsráidbhaile, agus gach uair a bhuaíl a dhorn an talamh d'éirigh gal toite agus tine sa spéir, go dtí nach dtiocfadh liom an sráidbhaile a fheiceáil níos mó mar gheall ar an toit.

Sheas mé ar bhalla an chlóis ag déanamh mo dhíchill an rud a chonaic mé le mo shúile cinn a chur amach as m'intinn. Bhí na rudaí a chonaic mé le mo shúile ag insint dom go raibh mo shaol á scriosadh, go raibh Athair, Máthair

agus Maria thíos ansin sa toit agus sa tine sin.  
Ní dóigh liom gur chreid mé i ndáiríre é go dtí  
go raibh na heitleáin imithe, go dtí gur chuala  
mé an ciúnas arís agus go dtí gur chuala mé mé  
féin ag caoineadh.









**SAUCEDA**



**B**hí Paco trína chéile go fóill, ag dul thart i gciorcail sa chlós cloiche agus eagla an domhain air. Mar sin de, is beag aird a thug sé orm nuair a fuair mé greim ar Chica gur threoraigh mé amach as an chlós í. Ba ar an bhomaite sin a thuig sé cad é a bhí ag dul ar aghaidh agus tháinig sé anall chugainn de rith.

“Beidh mé ar ais, a Paco,” arsa mise leis.

“Beidh mé ar ais, geallaim duit.”

Chuaigh mé suas ar mhuin Chica agus d’imigh mé liom. Nuair a d’amharc mé siar ar Paco bhí sé ag amharc orm féin agus ar Chica thar bhalla an chlóis agus é ag croitheadh a chinn ó thaobh go taobh agus ag crúbáil an talaimh. Bomaite ina dhiaidh sin bhí muid sna coillte agus as a radharc. Ar feadh tamaill chuala mé é ag búireach orainn, a bhúir ag déanamh

macalla ar fud na sléibhte. Thíos fúinn bhí an toit ar snámh san aer ar bharr an ghleanna mar a bheadh brat ceo ann.

Bhí an chuma ar Chica gur thuig sí cé chomh práinneach agus a bhí an scéal, mar chuaigh sí siar an bealach a tháinig sí ar cosa in airde an bealach ar fad síos an sliabh agus cos thall is cos abhus aici ó am go ham. Nuair a d'éirigh an cosán cúng contúirteach tháinig mé anuas de Chica agus rith mé os a comhair á treorú. Ach ba chuma ar mo chosa féin nó ar dhroim Chica a bhí mé ag taisteal, bhí eagla an domhain orm roimh an radharc a bheadh romham. B'fhada liom an teach a bhaint amach, b'fhada liom Maria, Athair agus Máthair a fheiceáil arís, ach ag an am chéanna bhí leisce orm an teach a bhaint amach ar eagla go mbeadh an chuid is measa le feiceáil. Ó am go ham thosaigh mé a chaoineadh go fras gan mé a bheith ábalta stad. Faoin am ar bhain mé imeall na feirme amach tháinig suaimhneas orm ar bhealach aisteach,

amhail is nach raibh deora ar bith eile fágtha ionam.

Is dócha nár baineadh geit chomh mór sin asam nuair a chonaic mé mo theach ina bhallóga agus trí thine cionn is go raibh an oiread sin ama agam le smaoineamh air. Bhí na muca ag dul thart an clós ag gnúsachtach mar is gnách, bhí na gabhair ag innilt leo agus is ar éigean a d’amharc siad orm agus mé ag dul thart. Sheas mé sa chlós ag amharc ar mo theach trí thine, na bladhairí ag léim amach ar na fuinneoga. Bhí an chuma ar na bladhairí go raibh fearg orthu. Mhóthaigh mé an fhearg i mbrioscarnach agus i ngliúrascnach na tine. Níor scairt mé amach ainm Athar, Máthar ná Maria mar ghlac mé leis go raibh siad uilig marbh. Ní thiocfadh le duine ar bith teacht slán as an chaor thine sin. Níl a fhios agam cá fhad a sheas mé ansin, ach níor chaoin mé arís go dtí go bhfaca mé na madraí. Tháinig mé orthu ina luí in aice leis an umar uisce. Shuigh mé in aice leo agus chaoin mé



go dtí gur shíl mé go raibh mo chroí ag dul a phléascadh.

I ndiaidh tamaill, ní raibh a dhath ar bith eile ann do na bladhairí agus chuaigh an tine as. Ní raibh fágtha ach na ballaí a bhí cráindóite. Thiontaigh mé thart, agus Chica taobh liom, shiúil mé an bóthar isteach go Saucedá.

Níor aithin mé an sráidbhaile. Is beag teach a tháinig slán as. Ach chuala mé guthanna a d'aithin mé. Chonaic mé daoine ansin, aghaidheanna a d'aithin mé. Bhí mo chol ceathrair Vittorio ina sheasamh ar an tsráid agus fuil ar a aghaidh. Bhí sé ag caoineadh



uisce a chinn, ag scairteadh ar a mháthair. Bhí a oiread sin daoine ag caoineadh. Bhí cuid acu ag siúl thart agus an chuma orthu go raibh mearbhall orthu, ag labhairt i monabhar leo féin. Bhí cuid eile ina suí ag stánadh ar a chéile agus na deora leo. D'aithin mé cuid de na saighdiúirí ón chaifé. Bhí cuid acu ag líonadh buicéad le huisce as an tobar agus ag rith chuig na tithe ar an taobh eile den tsráid a bhí trí thine go fóill.

Rith sé liom ar an bhomaite sin, agus mé ag amharc ar na saighdiúirí, go raibh seans ann go dtiocfadh le hAthair, Máthair agus Maria a bheith beo. Thosaigh mé a fhiafraí díobh. Bhí



an chuma ar Vittorio nach raibh a fhios aige cad é a tharla dóibh. Ní raibh ann ach go raibh sé ag stánadh orm agus é a rá arís agus arís eile, “Mo mhamaí. Cá bhfuil mo mhamaí?” Chuir mé ceist ar gach duine a chonaic mé, ach ní fhaca duine ar bith acu mo theaghlach, ní thiocfadh le duine ar bith acu cuidiú liom.

Ansin thosaigh mé a smaoineamh gur ghlac mé leis go róluath go raibh siad marbh. Ba chóir dom an teach a chuardach nuair a bhí mé ann. Thiocfadh leo teacht slán as, tháinig daoine eile slán as.

Chuaigh mé ar ais chuig an teach chomh gasta agus a thiocfadh le Chica mé a iompar, ag amharc sna páirceanna agus mé ag dul thart. Agus mé ag dul isteach i gclós na feirme scairt mé amach, níor fhreagair ach na gabhair mé, áfach. Chuardaigh mé gach scioból, gach cró. Chuaigh mé suas ar dhroim Chica agus isteach sna páirceanna agus mé ag scairteadh amach i seanard mo chinn, go dtí go raibh piachán i mo

sceadamán agus bhí a fhios agam nach raibh aon mhaith ann.

Bhí mé i mo shuí ar na céimeanna isteach sa scioból nuair a chuala mé guthanna. Sheas mé. Saighdiúirí. Ná céadta acu ag teacht aníos an gleann i dtreo na feirme, i dtreo an tsráidbhaile – níorbh iad ár saighdiúirí féin iad, ach saighdiúirí eile a raibh éide eile orthu. D'imigh mé liom chomh gasta agus a thiocfadh liom ar eagla go bhfeicfeadh siad mé sula mbainfinn na crainn amach. Ba é an scioból an t-aon seans amháin a bhí agam.

Chuaigh mé isteach de ruathar agus chuardaigh mé áit a dtiocfadh liom dul i bhfolach ann, dhéanfadh áit ar bith cúis. Bhí na guthanna ag teacht níos cóngaraí. Chuaigh mé suas dréimire chuig an lochta féir, chlúdaigh mé mé féin leis an fhéar agus rinne ceirtlín díom féin. Níor chorraigh mé. Bhí siad taobh istigh den chlós anois, ag gáire leo. Chuala mé Chica ag seitreach agus ag imeacht léi ar cosa in

airde. Bhí siad ag scaoileadh urchar, ní raibh a fhios agam ar le Chica nó le duine éigin nó le rud éigin eile a bhí siad á scaoileadh. Theann mé mo char ar a chéile agus rinne mé ceirtlín iontach teann díom féin agus mé ag iarraidh cosc a chur ar an chaoineadh.

Chuala mé coiscéimeanna troma sa scioból thíos fúm agus glór saighdiúra: “Cuirimis an áit trí thine!”

“Níos moille,” a d’fhreagair duine acu, “tá obair níos tábhachtaí le déanamh againn in Saucedá. Imímis.”

Luigh mé an áit a raibh mé go raibh mé cinnte dearfa go raibh mé slán. Nuair a rinne mé mo bhealach amach as an fhéar sa deireadh chonaic mé go raibh an fheirm uilig bánaithe, seachas Chica a bhí ag innilt go sona leis na muca thall. Bhain mé bun an dréimire amach ar nós na gaoithe agus rith mé ar cosa in airde trasna na páirce i dtreo Chica. Scaip na muca i ngach treo nuair a tháinig mé a fhad leo. Sheas

Chica gan corraí aisti go dtí go ndeachaigh mé suas ar a droim agus d'imigh sí léi ar cosa in airde i dtreo na gcnoc, an áit a mbeadh muid slán sábháilte.

Bhí muid ar an chosán chéanna a thaistil muid an oíche roimhe, ach bhí tuirse an domhain ar Chica anois agus ba dheacair di dul ar aghaidh. Bhí sí as anáil anois, mar sin de, i ndiaidh uair an chloig nó mar sin shocraigh mé sos a thabhairt di. Tháinig mé anuas in aice le sruthán sa dóigh go dtiocfadh le Chica sos a ghlacadh agus deoch uisce a fháil ag an am chéanna. Agus í ag ól as an tsruthán d'amharc mé síos an gleann ar Saucedá agus chonaic mé na ballóga agus an toit ag éirí astu.

Ba é sin an uair a thosaigh an scaoileadh arís. Sheas mé agus chuir mé mo lámha thar mo shúile nuair a thosaigh na saighdiúirí a dhéanamh sléacht ar mhuintir Saucedá. Thig liom macalla na n-urchar sin a chluinstin i mo cheann go fóill na blianta ina dhiaidh. Rinneadh

drochghníomh uafásach an lá sin. Níor thuig mé na drochghníomhartha sin agus mé i mo ghasúr óg, ach thuig mé an chaill. Thuig mé ar an bhomaite sin go raibh mé gan mháthair, gan athair, gan deirfiúr, gan teaghlach, gan chairde, gan teach. D'imigh siad uilig uaim an lá sin. Ach bhí Paco agam go fóill. Bhí Chica agam fosta. Ní raibh mé go huile is go hiomlán fágtha liom féin.

Bhí titim na hoíche ann sular bhain muid an talamh bán amach, an áit a raibh an clós cloiche. Scairt mé amach ainm Paco agus mé ag dul suas a fhad leis an gheata, ach níor tháinig sé chugam. Níor tháinig sé chugam cionn is nach raibh sé ann. Mhóthaigh mé go raibh poll mór domhain sa bhalla. Bhrúigh Paco a bhealach amach as an chlós, is cosúil, agus bhí sé imithe. Ní raibh áthas ná brón orm. Is cinnte gur sábháladh Paco ar an bhás sa *corrida*. Ach ní raibh tábhacht ar bith leis sin anois.

Bhí mé spíonta. Luigh mé síos le dul a

chodladh i gcró an aoire agus bhí Chica taobh liom le mé a choinneáil te. Dála Chica, d'ól mé braon uisce as an tsruthán níos luaithe ach bhí pian i mo bholg le hocras agus bhí mé croíbhriste faoi mo theaghlach. Nuair a dhruid mé mo shúile chonaic mé aghaidh Mháthar, Athar agus Maria agus ár dteach trí thine. Chuala mé i m'intinn scaoileadh na ngunnaí agus brioscarnach na mbladhairí. Chodail mé go míshocair, eagla orm roimh an tromluí agus faoiseamh mór a bhí orm nuair a mhúscail mé agus an mhaidin ann. Bhí mé stiúgtha leis an ocras go fóill, áfach.


Ag amharc siar dom, sílim anois go mb'fhéidir gurbh é an t-ocras a shábháil mo bheo sna laethanta luatha sin sna cnoic mar gur chuir sé na smaointe eile amach as mo cheann. Bhí bia de dhíth go géar orm. Bhí a fhios agam fosta cá háit a bhfaighinn bia – is minic a bhí mé amuigh sna cnoic le Máthair nó le Maria ag bailiú asparagas fiáin nó muisiriún (thiocfadh liom an difear idir na cinn mhaithe agus na cinn

nimhiúla a aithint, nó shíl mé go dtiocfadh liom ar scor ar bith), agus ag bailiú na bhfeochadán fosta, na feochadáin a raibh gais lán sú acu. Mar sin de, agus muid ag taisteal an lá sin ag dul suas níos airde sna cnoic ar shiúl ó Saucedá, bhailigh mé gach rud a thiocfadh liom agus d'ith mé é agus muid ag taisteal. Ach ba chuma cad é a rinne mé, ní raibh mé ábalta mo sháith a fháil. D'ith mé gach rud amh – ní raibh bealach ar bith agam le tine a lasadh, gan bealach ar bith agam le bia a chócaráil. Bhí mé ag cogaint na ndearcán, bhain mé na sútha talún den phlanda. Ní raibh dúil agam i gceachtar acu, ach ní raibh an dara rogha agam. D'ól mé uisce nuair a thiocfadh liom. Nuair a bhíonn ocra



ort líonann an t-uisce féin thú, ar feadh tamaill ar scor ar bith. Mar bharr ar an donas chonaic mé bia gach áit thart orm sa choill – toirc allta, fianna rua agus éisc sna srutháin. Sílim go raibh siad ag magadh fúm. Rinne mé iarracht breith ar bhreac, ach theip orm.

Ní raibh fadhb ar bith ag Chica ar ndóigh a sáith bia a fháil. Bhí sise ag innilt agus í ag siúl. Sin a raibh de chuideachta agam anois agus labhair mé léi i rith an ama. Chodail muid ar thalamh na foraoise, faoi scáth na gcrann, sna pluaisianna aolchloiche, áit ar bith a dtiocfadh linn foscadh a fháil. D’fhan mé sa chuid den fhoraois a bhí i bhfad ar shiúl agus neart crann inti, san áit nach mbeadh duine ar bith ina chónaí.





Níl a fhios agam, mar le fírinne ní cuimhin liom, cá mhéad lá nó cá mhéad seachtain a bhí muid ag siúl na gcnoc le chéile. Bhí a fhios agam, áfach, nár leor asparagais, muisiriúin agus feochadáin le mé a choinneáil beo. Is ar éigean anois a bhí an fuinneamh ionam le dul suas ar dhroim Chica agus fanacht uirthi. Bhí mearbhall i mo cheann agus bhí mé lag tuirseach. Arís agus arís eile shleamhnaigh mé amach as an diallait. Tharla lá gur shleamhnaigh mé amach as an diallait agus nach raibh mé ábalta dul suas uirthi arís. Luigh mé ar shlat mo dhroma ag amharc suas ar chraobhacha na gcrann ag bogadh agus ar na scamail ag rith trasna na spéire. Chuala mé an ghaoth ag teacht tríd an fhoraois agus chuimhnigh mé ar dhinnéar a bhí againn faoi sholas na laindéar taobh amuigh de theach na feirme tamall roimhe sin, an lá roimh an tarbhchomhrac nuair a tháinig Uncail Juan. Chuimhnigh mé ar a chuid focal: “Fear gan saoirse, fear gan onóir, gan dínit, gan mhaith.”



Bhí mé ábalta é a chluinstin ag labhairt liom. Bhí mé ábalta a aghaidh a fheiceáil agus bhí aoibh an ghéire air mar a bhí air i bhfáinne na dtarbh, do mo thógáil mar a thóg sé mé an lá a rinne mé damhsa na dtarbh leis sa bhaile.

Mhóthaigh mé anois go raibh sé do m'iompar. Bhí sé ag labhairt liom: “Beidh tú

ceart go leor, a Antonio. Beidh tú ceart go leor. Tabharfaidh mise aire duit anois.” Shíl mé go mb’fhéidir go raibh mé ag brionglóideach, nó go raibh an bheirt againn marbh agus sna flaithis. Shín mé mo lámh amach agus chuir mé ar a aghaidh í. Eisean a bhí ann maith go leor. Uncail Juan a bhí ann.

**AN PÚCA**



**DUBH**



**D**'inis siad dom ina dhiaidh sin cé chomh deacair agus a bhí sé mo bheo a shábháil. Níorbh é amháin go raibh mé meata ach bhí fiabhras bocht orm nuair a tháinig Uncail Juan orm. Rinne Uncail Juan agus na daoine eile an méid a thiocfadh leo – ach ar feadh seachtainí dúirt siad go raibh an chuma ar an scéal nach raibh fonn ar bith orm a bheith beo. Níl cuimhne ar bith agam air sin. Is beag is cuimhin liom agus an aithne ag teacht agus ag imeacht uaim. Ach is cuimhin liom go raibh Uncail Juan taobh liom. Bhíodh sé ag ní m'aghaidhe le huisce fuar. Bhíodh sé ag slíocadh mo chuid gruaige. Bhíodh sé ag labhairt liom agus bhíodh sé ag iarraidh bia a thabhairt dom cé nach raibh fonn ar bith orm aon rud a ithe.

Bhí mé i mo luí i bpluais, bhí a fhios agam an

méid sin. Fuair mé boladh an bhia agus chuala mé daoine ag labhairt agus ag bogadh thart in aice liom; fir, mná agus páistí ag caoineadh. Is minic a tháinig siad chugam ag amharc anuas orm idir an dá shúil agus mé i mo luí. Chuala mé duine acu ag rá le duine eile lá éigin: “Is nia beag de chuid Juan é, as Saucedá dó. An gasúr beag bocht. Tá sé ag fáil bháis, tá a fhios agat.”

Agus smaoinigh mé i m’intinn: “Níl. Níl mé. Níl mé ag fáil bháis. Ní ligfidh mé dom féin bás a fháil. Tá mé ag iarraidh Paco a fheiceáil arís. Tá mé ag iarraidh Paco a fháil ar ais.” Mar sin de, thosaigh mé a ithe ar mhaithe le Paco a fheiceáil arís, agus go fadálach ach de réir a chéile, thosaigh mé a éirí níos láidre. Agus de réir mar a d’éirigh mé níos láidre thosaigh mé a chur suim sna rudaí a bhí ag dul ar aghaidh thart orm.

Ba ghairid gur thuig mé gurbh é Uncail Juan an duine a bhí i gceannas orainn. Thiocthadh liom a fheiceáil go raibh gach duine ag brath air

le muid a chur ar ár suaimhneas.

Bhí muid ag brath ar an dóchas a thug sé dúinn agus ar an mhisneach a bhí ann. Nuair a labhair sé spreag sé muid agus thug sé misneach dúinn. Agus ba é an misneach an t-aon rud amháin a bhí fágtha againn. B'fhéidir go raibh suas le caoga duine ina gcónaí sa phluais. B'fhéidir go raibh an leathchuid acu ina dtrodairí saoirse, dála Uncail Juan. Teifigh a bhí sa chuid eile againn i bhfolach sna cnoic agus eagla ár gcaicinn orainn roimh na saighdiúirí, na póilíní agus an *Guardia Civil* dá rachadh muid abhaile. Bhí an bia gann; ní raibh againn ach an méid a thug muintir na sráidbhailte dúinn agus an méid a fuair muid ar thalamh na foraoise.

Níor ghá dom a insint d'Uncail Juan faoin bhuamáil ar Saucedá. Bhí a fhios aige faoi, bhí a fhios ag gach duine faoi, ach ní raibh duine ar bith eile as Saucedá sa phluais, agus ní raibh an chuma air gur tháinig duine ar bith slán as. Ba mise an t-aon duine amháin agus ba mise an



t-aon duine a raibh a fhios aige cén fáth. Murab é gur scaoil mé Paco saor an oíche sin, bheinn féin i mo luí marbh i mballóga theach na feirme, nó scaoilfeadh saighdiúir mé agus mé ag iarraidh éalú as an teach.

Dá mhéad a smaoinigh mé air, is amhlaidh is mó a smaoinigh mé nach raibh sé de cheart agam teacht slán as. Níorbh é gur tháinig mé slán as cionn is go raibh an t-ádh dearg orm, ach cionn is nach raibh mé ann. Bhí mé ar shiúl ag déanamh coir mhillteanach. Bhí mé ag scaoileadh saor na dtarbh uilig a bhí ag Athair, na tairbh a raibh an oiread sin dúile aige iontu. Chaith sé a shaol ag cothú na dtarbh sin agus bhí mise ag milleadh na oibre sin uilig air. Níor chaoin mé anois de thairbhe go raibh mé ocrach nó croíbhriste, ach de thairbhe go raibh náire orm, náire orm gur duine gan mhaith a bhí ionam.

Thug Uncail Juan croí isteach dom le mé a chur ar mo shuaimhneas. “Tá a fhios agam,

a Antonio,” ar seisean maidin amháin, ag glanadh na ndeor de m’aghaidh. “Chonaic tú rudaí uafásacha. Tuigim an phian a mhothaíonn tú. Tuigeann gach duine sa phluais an phian a mhothaíonn tú. Mar sin de ná bíodh eagla ort a bheith ag caoineadh. Ach nuair a bheas tú réidh leis an chaoineadh, bí cróga arís. Beidh tú i do tharbh beag cróga agus tiocfaidh tú amach a throid. Caithfidh muid troid in éadan an oilc, ní leor a bheith ag caoineadh faoi. An dtuigeann tú mé?” Rinne sé aoibh orm agus thosaigh sé a gháire. “Níl mórán againn ann, ach tá muid láidir. Tá na beithígh féin ar an taobh s’againne, an bhfuil a fhios agat sin? Ar chuala tú iomrá ar Phúca Dubh Maracha?”

Is minic a d’inis Uncail Juan scéalta dom le háthas a chur orm agus le cian a thógáil díom. D’inis sé iad go maith fosta agus thaitin sé go mór liom a bheith ag éisteacht leis.

“Ní ceann de mo chuid finscéalta atá ann, a Antonio, is fíorscéal é. Tá saighdiúirí agus an



*Guardia Civil* amuigh sna cnoic sa tóir orainn. Ná bí buartha, a Antonio. Ní bhéarfaidh siad orainn. Troidfidh muidne ina n-éadan, déanfaidh muid luíochán rompu. Cuirfidh muid an ruaig orthu mar a dhéanfá ar choiníní. Inné féin chuir siad patról amach ó Maracha – b'fhéidir suas le fiche fear as an *Guardia Civil*. Shíl na fir go bhfaca siad rud éigin ag bogadh sna crainn. Thosaigh siad a scaoileadh. Go tobann, amach as na crainn tháinig an Púca Dubh! An bhfuil a fhios agat cad é atá ann, an Púca Dubh?" Ní raibh barúil ar bith agam. "*Nobile*, tarbh óg troda. Tháinig an tarbh de ruathar. Agus cad é a rinne siad? Lig siad do na raidhfílí titim as a lámha agus as go brách leo.



“Níor rith duine amháin acu gasta go leor, áfach, agus caitheadh suas san aer é mar a bheadh pancóg ann. Ansin chuaigh an tarbh i ndiaidh na bhfear eile a scaip isteach san fhoraois. Nuair a thiontaigh siad thart le hamharc air, bhí sé imithe, mar a bheadh púca ann, Púca Dubh. Chuaigh na fir sa tóir air, ach bhí sé amhail is nach raibh sé ann ar chor ar bith. Bhí sé ann, áfach, nó bhí lorg a gcrúb ann, lorg crúba tarbh óg. Cad é a mheasann tú de sin, a Antonio?”

Ní thiocfadh liom smaoineamh ar rud ar bith le rá. Bhí a oiread sin agam le rá, a oiread sin rudaí ba mhaith liom a insint dó, ach ní thiocfadh liom a insint dó gan gach rud a rinne mé a admháil fosta, gan mo rún a scaoileadh. Bhí a fhios agam agus é ag insint an scéil gurbh é Paco a bhí ann. Paco a bhí ann go cinnte. Bhí Paco beo! Bhí sé amuigh ansin áit éigin. Bhí sé ar mo lorg. Bhuailfeadh muid le chéile arís lá éigin, bhí mé cinnte de sin anois.

I ndiaidh tamaill, as siocair go raibh orm rud éigin a rá, labhair mé. “Caithfidh sé go bhfuil an tarbh sin ar an tarbh is cróga ar domhan.”

“Is fíor duit, a Antonio,” arsa Uncail Juan. “Agus más féidir leisean a bheith cróga, cé go bhfuil níos mó fear ag an taobh eile, thig liomsa. Thig leatsa fosta.”

Thóg an scéal faoin Phúca Dhubh cian dín – bhí an scéal ar eolas ag gach duine anois. Tharla an oíche sin go raibh spionn níos fearr ar gach duine. Chuala mé daoine ag gáire arís agus nuair a rinne na páistí dráma den scéal ghlac mé féin páirt ann. Ba mise an *nobile*, an tarbh óg. Ba mise Paco. Cosúil le Paco bhí mé ag crúbáil an talaimh, ag croitheadh mo chinn ó thaobh go taobh agus ag rith de ruathar thart an phluais; agus lig na daoine uilig scread astu agus rith siad leo mar a bheadh coiníní ann, mar a rith an *Guardia Civil* san fhoraois in Maracha.

Ach níor mhair an chraic ná an cluiche

rófhada. Níos deireanaí an tráthnóna sin chuala muid scaoileadh na ngunnaí ar fud na gcnoc. Go tobann, bhí muid i gcontúirt an bháis arís. D’fhan muid go ciúin arís agus bhailigh muid le chéile agus eagla ár ggraicinn orainn.

An mhaidin dár gcionn d’iarr Uncail Juan ar gach duine teacht le chéile agus d’inis sé dúinn gurbh éigean dúinn dul níos doimhne isteach sna cnoic. Bhí na saighdiúirí agus an *Guardia Civil* ag teacht níos cóngaraí dúinn gach lá. Bhí siad ag troid thíos sa ghleann agus bhí siad ag cuardach na foraoise. Dá bhfanfadh muid san áit a raibh muid bhí an chontúirt ann go dtiocfadh siad orainn. Mar sin de, thosaigh



an mháirseáil fhada, na laethanta is measa i mo shaol. Laethanta nach ndéanfaidh mé dearmad orthu go deo.

Ní raibh againn ach Chica agus dhá mhiúil leis na blaincéid, na páistí beaga agus cibé bia a bhí againn a iompar. D'éirigh an bia iontach gann roimh i bhfad agus thosaigh an fheartainn a dhéanamh sruthán de na cosáin. Ní thiocfadh linn dul níos gasta ná an bheirt is moille sa ghrúpa, beirt seanbhan, cúpla as Algar. D'iarr Uncail Juan orthu dul suas ar na miúileanna agus ar Chica in áit na bpáistí, ach dhiúltaigh siad. “Caithfidh na daoine óga teacht slán as, a Juan,” arsa duine acu, “ní na





seandaoine. Bhí saol fada againn. Tá bataí siúil againn.” Agus mar sin de, shiúil siad agus rinne na páistí sealaíocht ar dhroim na mbeithíoch. Ó am go ham bhí mé ar dhroim Chica. Thug Uncail Juan beirt pháistí óga dom le haire a thabhairt dóibh agus bhí duine acu os mo chomhair ar Chica agus an duine eile taobh thiar díom. Thaitin sé liom go raibh mé ar dhroim Chica arís, go dtiocfadh liom a teas agus a láidreacht a mhothú fúm.

Maidin amháin nuair a bhí muid ag déanamh réidh le dul a mháirseáil arís i ndiaidh an oíche a chaitheamh amuigh faoin aer mhothaigh mé nár chorraigh an bheirt seanbhan as Algar ar chor ar bith. Bhí siad ina luí i lámha a chéile faoi chrann. Bhí Uncail Juan thíos ar a ghogaide ag iarraidh iad a mhúscailt. Chuaigh mé anonn a fhad leis. Bhí a fhios agam láithreach go raibh siad marbh. Níor chorraigh siad ar chor ar bith, bhí siad ina dtost. Bhí a méar ar a liopaí ag duine acu amhail is go raibh

sí ag iarraidh ar an domhan a bheith ina thost. Nuair a d’amharc Uncail Juan orm d’aithin mé go raibh an splanc ina shúile imithe agus, ina áit sin, ní raibh le feiceáil iontu ach fíorbhrón.

Chuir muid iad san áit a bhfuair siad bás. Ní raibh Uncail Juan mar an gcéanna ina dhiaidh sin. Ní fhaca mé aoibh ar a aghaidh ina dhiaidh sin. Bhí an chuma air gur chaill sé a mhisneach, ach mar sin féin, chuir mé mo dhóchas ann. Domsa, do gach duine, ba eisean an t-aon duine amháin a thabharfadh slán muid. Lean sé ar aghaidh ag dul níos doimhne isteach sna coillte ar na cnoic agus nuair a bhain muid mullach cnoic amháin amach chonaic muid tuilleadh ag dul suas isteach sna scamail. Níor stad an fhearthainn ar chor ar bith. Lean muid ar aghaidh go spadánta. Casadh daoine eile orainn, trodairí na saoirse agus tuilleadh teifeach go dtí go raibh suas le dhá chéad againn ann.

Tráthnóna amháin agus muid ag teacht

amach as an fhoraois agus isteach i ngleann cúng a raibh abhainn ag rith tríd, stop an fheartainn agus nocht an ghrian agus thóg sé sin cian de gach duine. Is cuimhin liom go raibh muid ag rá amhráin agus muid ag dul isteach sa ghleann. Chonaic muid scata tithe feirme ar an talamh bhán, ach bhí an chuma ar an áit go raibh sí tréigthe.

Thosaigh siad a theacht amach as na tithe, ina nduine agus ina nduine, ansin ina bpéirí agus ina bpéirí agus ina scórtha ina dhiaidh sin. Bhí cuma bhán orthu agus iad scanraithe giobach. Ach nuair a d'aithin siad gur chairde muid tháinig coinnle ar a súile agus rith siad ionsorainn. Cuireadh fearadh na fáilte roimh Uncail Juan agus roimh na trodairí saoirse amhail is dá mba laochra iad. Thug strainséir croí isteach do strainséir. Bhí cairde úra againn. Ba é crá croí an chogaidh a thug na strainséirí seo le chéile. Bhí muid ag caoineadh le háthas, áthas orainn go raibh muid le chéile, go raibh

muid beo.

Thosaigh siad a labhairt láithreach ar an Phúca Dhubh. Chuala gach duine iomrá air, ach agamsa amháin a bhí aithne air. Agamsa amháin a bhí a fhios gur Paco a bhí ann. Gach uair a chuala mé iad ag labhairt ar an Phuca Dhubh, bhí a fhios agam gur Paco a bhí ann agus bhí mé cinnte de go mbuailfeadh muid le chéile arís lá éigin.

Bhí mé ag siul liom i dtreo na habhann agus Chica taobh liom nuair a chonaic mé girseach ina seasamh os mo chomhair, agus í ag stánadh orm idir an dá shúil agus a béal oscailte. Maria! Maria a bhí ann! Níl a fhios agam cá fhad a bhí muid snaidhmthe ina chéile agus ag caoineadh le háthas.

“Agus Máthair? Athair?” a d’fhiafraigh mé di, ach chroith sí a ceann agus shiúil liom i dtreo na habhann. Thíos ansin cois na habhann agus Chica ag ól as an abhainn d’inis sí dom gach rud a tharla. Nuair nár éirigh leo teacht

orm an mhaidin sin, chuir siad Maria amach do mo chuardach. Tháinig na heitleáin agus Maria amuigh agus bhuaile na buamaí an teach. Rith sí ar ais chuig an teach ach ní raibh sí ábalta a dhath ar bith a dhéanamh. Bhí an teach trí thine. Ní raibh sí ábalta dul in aice leis le teas na tine. Chuardaigh sí mé gach áit, scairt sí m'ainm amach, agus bhí na muca, na gabhair agus na sicíní ag scaipeadh ar fud na háite agus bhí na buamaí ag titim i rith an ama. Ní dhearna sí an dara smaoineamh ach imeacht léi. D'imigh sí agus rith an méid a bhí ina craiceann. Bhain sí an fhoraois amach agus casadh oibrí foraoise uirthi a thug togha na haire di agus a thug anseo í le dul i bhfolach sna cnoic. Bhí siad ansin ar feadh roinnt mhaith seachtainí, a dúirt sí, ach is beag bia a bhí acu agus bhí a gcroí ina mbéal ar eagla go dtiocfadh an *Guardia Civil* orthu.

“Ní chaithfidh tú a bheith buartha faoi sin níos mó,” arsa mise léi, “mar tá Uncail Juan agus a chuid saighdiúirí anseo agus tabharfaidh

siadsan aire dúinn.”

“Tá Uncail Juan anseo!” a scairt sí; agus ansin chonaic sí é agus rith sí ionsair agus chuir sí a lámha thart air.

Shuigh an triúr againn ag déanamh ár gcomhrá le chéile an oíche sin faoi réaltaí na spéire agus muid lámh ar láimh. I ndiaidh tamaill stop an comhrá agus d’fhan muid go ciúin ag meabhrú faoinár gcroí. Ba é sin an uair a chuir Maria an cheist orm, ceist a raibh eagla orm roimpi i rith an ama. “Níor inis tú dom, a Antonio. Cá háit a raibh tusa nuair a tháinig na heitleáin? Chuardaigh mé gach áit.”

Bhí bréag ullmhaithe agam cheana féin agus d’inis mé go réidh í. “D’éirigh mé go luath an mhaidin sin agus chuaigh mé amach ar Chica. Bhí mé ag iarraidh Paco a fheiceáil. Chuala mé na heitleáin ansin agus d’imigh Chica léi. Ní raibh mé ábalta í a stopadh. Rinne mé mo dhícheall ach d’imigh sí ar cosa in airde agus choinnigh mé greim daingean uirthi.”



“Buíochas do Dhia gur imigh. Agus buíochas do Dhia go ndeachaigh tú amach uirthi an mhaidin sin,” arsa Maria. “Murab é go ndeachaigh tú amach bheadh an bheirt againn marbh, dála Máthar is Athar.”

Dhruid Uncail Juan isteach linn. “Tá cinneadh déanta agam,” ar seisean i gcogar. “Glacaigí sibhse Chica agus imígí libh anocht.”

“Cad chuige?” a d’fhiafraigh mé de.

“Cionn is go bhfuil barraíocht againn anseo. Níl go leor bia ann do gach duine againn. Mar

luath nó mall tiocfaidh siad orainn agus beidh orainn troid ina n-éadan. Troidfidh muid, agus déanfaidh muid ár seacht ndícheall. Ach níl mórán againn ann agus tá siadsan neartmhar. Níl mé ag iarraidh go mbeidh sibhse anseo nuair a thiocfaidh siad.” Rinne Maria iarracht rud éigin a rá. “Ná habair a dhath ar bith, a Maria. Rinne mé mo mhachnamh air. Is é seo an t-aon bhealach amháin as.

“Tá mé ag iarraidh oraibh dul go Malaga, go teach mo mháthar – bhí tusa ann roimhe, a Maria, beidh a fhios agat an bealach. Tabhair póg do mo mháthair domsa, a Antonio, agus tabhair aire di amhail is gur tusa a mac féin. An dtabharfaidh, a Antonio?”

“Tabharfaidh,” arsa mise.

“Leanaigí an abhainn síos an gleann. Tiocfaidh sibh a fhad leis an bhóthar ansin. Ní dhéanfaidh an *Guardia Civil* dochar daoibh. Níl ionaibh ach páistí. Tá páistí dá gcuid féin acu.”



Shiúil muid a fhad le Chica a bhí ina seasamh thall agus solas na gealaí ag lonrú ar a fhionnadh bán. Thug sé croí isteach dúinn ar feadh bomaite, thug póg dúinn ar chlár ár n-éadain agus thóg sé muid duine i ndiaidh duine agus chuir ar dhroim Chica muid.

“Go dté sibh slán,” ar seisean i gcogar agus d’imigh muid linn cois na habhann agus d’fhág muid inár ndiaidh é. D’amharc muid siar air go dtí sa deireadh nach raibh sé le feiceáil i ndorchadas na hoíche agus bhí muid linn féin.

Chonaic muid saighdiúirí, cuid mhaith acu, ach ar an dea-uair, níor bhac siad linn. Stop an *Guardia Civil* muid cúpla uair agus cheistigh siad muid. D’inis Maria dóibh go raibh muid ag tabhairt cuairt ar shin-sheanaintín in Malaga agus bhí siad sásta leis sin gach uair. Nuair a stop muid don oíche thug muintir na háite bia agus foscadh dúinn. Má d’fhoghlaim mé rud amháin ar an turas deireanach sin, nó an t-am a raibh mé i bhfolach sna cnoic leis na teifigh

eile, d'fhoghlaim mé gur mó an cumas atá sa duine cineáltas a dhéanamh ná an t-olc a dhéanamh.


Nuair a bhain muid Malaga agus teach Uncail Juan amach sa deireadh i ndiaidh laethanta fada taistil, thosaigh mé a dhéanamh an ruda a d'iarr sé orm. Thug mé póg dá mháthair, agus thug mé aire di amhail is gur mise a mac féin. Thug mé féin agus Maria beirt aire di. Sílim go raibh a fhios aici nach mbeadh Uncail Juan ag teacht ar ais. Bhí sí láidir bródúil cé go raibh brón an domhain uirthi. Ní bhfuair muid amach riamh cad é a tharla dó. Dála na mílte eile sa Chogadh Chathartha, d'imigh sé gan tásca ná tuairisc air. Ach ní dhearnadh dearmad air.

Ní dhearnadh dearmad ach oiread ar an Phúca Dhubh. In Malaga féin fiú, i mo scoil nua féin, chuala siad iomrá air. Bhí scéalta ag dul thart go bhfacthas é ag siúl na sráideanna san oíche in Cortes, ag búireach le dúshlán a

thabhairt do na saighdiúirí, nó go bhfaca aoire é amuigh sna cnoic taobh amuigh de Jerez, nó go bhfacthas é sa daingean in Gaucin. Dúradh gur tháinig sé aniar aduaidh ar cholún saighdiúirí ina raibh na céadta agus gur chuir sé an ruaig orthu in aice le Cortes agus gur rith sé i ndiaidh oifigeach de chuid an *Guardia Civil* ar shráideanna El Colminar. Agus mé i mo ghasúr óg fiú, bhí a fhios agam nach dtiocfadh leis na scéalta seo uilig a bheith fíor – cé gur



mhaith liom go mbeadh, ar ndóigh. Choinnigh na scéalta faoina éachtaí agus faoin dóigh ar tháinig an Púca Dubh slán dóchas inár gcroí, cé go raibh muid croíbhriste, agus a fhios againn go raibh an cogadh cailte. Choinnigh mé an dóchas i mo chroí go bhfeicfinn Paco arís lá éigin, ach le himeacht ama bhí an dóchas sin ag imeacht, dóchas a bhí bunaithe ar scéal nár chreid mé ina iomláine.



Bhí sin-seanaintín Nina mar mháthair mhaith dom chomh maith agus a thiocfadh léi a bheith. Bhí Maria agam fosta, do shin-seanaintín s'agat féin, a bhí ina cara cléibh agus ina cosantóir iontach agam i gcónaí, agus atá go fóill.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin agus mé ag tarraingt ar naoi mbliana déag nó ar fhiche bliain d'aois fuair mé post ag gearradh adhmaid sna foraoiseacha in aice le Maracha. Bhí mé ag obair i m'aonar agus tuirseach i ndiaidh lá fada oibre a dhéanamh. Las mé tine bheag dom féin agus luigh mé síos in aice léi i ndiaidh suipéir le dul a chodladh. Bhí na miúileanna ina seasamh taobh liom agus thit mé i mo chodladh go gasta. Bhí brionglóid aisteach agam go raibh Paco ina luí taobh liom ag cogaint na círe agus ag lí a shróine. Bhí sé chomh cóngarach sin dom go dtiocfadh liom a anáil a mhothú. Mhúscaíl mé. Ní raibh Paco ann. Ar ndóigh, ní raibh sé ann. Brionglóid a bhí ann. Nuair a d'éirigh mé i mo

sheasamh, áfach, mhothaigh mé go raibh an féar brúite faoi chosa ainmhí. Mhothaigh mé an talamh. Bhí sé te. Ansin chonaic mé lorg crúb, lorg crúb de tharbh ollmhór. Caithfidh sé gur Paco a bhí ann. Bhuail muid lena chéile arís sa deireadh. Ní raibh an Púca Dubh ina phúca níos mó. Scairt mé a ainm amach, scairt mé agus scairt mé arís agus arís eile, ach níor tháinig sé.

Ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin, agus mé ag obair sna foraoiseacha corcdharach, choinnigh mé súil amach do Paco, agus a fhios agam nach dtiocfadh leis a bheith beo faoin am sin. Ba chuma liom, áfach. Ba leor bualadh leis uair amháin eile. Fear sona sásta a bhí ionam.

\* \* \* \* \*

Níor thóg mo gharmhac a shúile uaim ó thús go deireadh an scéil. I ndiaidh dom an scéal a chríochnú, áfach, bhí an chuma air gur shíl sé go raibh tuilleadh le teacht.

“Agus arbh é sin an rud is measa a rinne tú riamh?” a d’fhiafraigh sé. Bhí an chuma air go raibh díomá air. “Nár bhris tú fuinneoga ar bith riamh?”

“Ní cuimhin liom,” arsa mise. “Is dócha gur bhris.”

Osclaíodh an doras tosaigh agus chuala mé a mháthair a rá, “tá mé sa bhaile.” Léim Antonio den leaba.

“Rún eadrainn, a Antonio?” arsa mise

“Rún, a Abuelo.” Bhí aoibh an ghéire air agus d’imigh sé leis as an tseomra. Faoin am a raibh mé ag barr an staighre bhí sé snaidhmthe i lámha a mháthar.

“Tá mé buartha, a Mhamaí,” ar seisean agus glór an chaointe ann. D’amharc sé suas ar a haghaidh. “A Mhamaí, ní bheidh muidne

choíche páirteach i gcogadh, an mbeidh?”


“Is cinnte nach mbeidh, a Antonio.”

“Agus ní bhfaighidh tusa bás, an bhfaighidh? Ní bhfaighidh tusa bás?”

“Ní bhfaighidh go gceann tamaill, tá súil as agam,” a d’fhreagair sí. D’amharc sí suas agus chonaic sí mé i mo sheasamh ansin.

“Cad é is cúis leis na ceistanna seo uilig, a Abuelo?”

Chroith mé mo ghuaillí. “Ag Dia atá a fhios?” arsa mise. “Ag Dia atá a fhios cad é atá ag dul ar aghaidh in intinn an pháiste!”





CUSTOMER  
SERVICE  
EXCELLENCE®



INVESTORS  
IN PEOPLE



*Níor dhúirt mé leis cad é a chonaic mé an lá sin – níor mhaith liom go mbeadh a fhios aige choíche.*

*“Tabharfaidh mé ar shiúl thú sa dóigh go mbeidh tú ábalta dul a chónaí go fiáin sna cnoic, áit a mbeidh tú slán go deo na ndeor. Socróidh mé rud éigin, geallaim duit.”*

Tá saol an mhadaidh bháin ag Antonio atá ina chónaí ar fheirm a thuismitheoirí sa Spáinn. Ach tagann deireadh tubaisteach leis sin nuair a thuigeann sé go bhfuil a bhullán, darb ainm Paco, le cur chuig fáinne na dtarbh. Cad é a thig leis a dhéanamh?

Tá plean cróga aige, ach beidh misneach as cuimse de dhíth air lena chur i gcrích – mar 1936 atá ann agus tá macalla dhrumaí an chogaidh le cluinstitín ar fud mhachairí na Spáinne...

*“Arís eile, léiríonn Morpurgo bua na scéalaíochta s’aige faoi ócáidí móra le soiléire iontach.”*

*Sunday Times*

Pictiúir an Chlúdaigh  
GlowImages / Getty Images (fothracha)  
David Wall / Alamy Stock Photo (tarbh)  
Chris Harvey / Shutterstock.com (eitléain)

**COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234

Email: [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk) Web: [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

